Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | 2009

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Eagraíocht reachtúil í An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) atá freagrach as comhshaol na hÉireann a chaomhnú. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a dhéanamh murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ann ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomhnithe a dtugaimid tús áite dóibh ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go mbíonn forbairt inbhuanaithe.

Eagraíocht neamhspleách phoiblí is ea an EPA a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Déanann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil urraíocht uirthi.

NA FREAGRACHTAÍ ATÁ ORAINN

CEADÚNÚ:

Tugaimid ceadúnú dóibh seo a leanas le cinntiú nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- áiseanna dramhaíola (m.sh líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar an scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighin, stáisiúin chumhachta);
- diansaothrú ar an talmhaíocht;
- úsáid shrianta agus scaoileadh smachtaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (GMO);
- mór-áiseanna stórála peitril;
- scaoileadh fuíolluisce.

FORFHEIDHMIÚ NÁISIÚNTA COMHSHAOIL

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht ar áiseanna a fuair ceadúnas ón nGníomhaireacht gach bliain.
- Ag déanamh maoirseachta ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil sna réimsí seo a leanas: aer, torann, fuíolluisce agus cáilíocht an uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmithe náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh fiosrúcháin agus maoirsiú leigheas na bhfadhbanna.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí comhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN gCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar chaighdeán aeir agus caighdeáin aibhneacha, lochanna, uiscí taoide agus uiscí talaimh; leibhéil uisce agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cinnteoireacht a threorú tríd an rialtas náisiúnta agus áitiúil.

RIALÚ ASTUITHE GÁIS CHEAPTHA TEASA NA hÉIREANN

- Cainníochtú astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann i gcomhthéacs ár dtiomantas Kyoto.
- Cur i bhfeidhm na Treorach um Thrádáil Astuithe, lena mbaineann os cionn 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde a chomhordú ar shaincheisteanna comhshaoil (lena n-áirítear cáilíocht an aeir agus an uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag pleananna agus ag cláir ar chomhshaol na hÉireann (cosúil le bainistíocht dramhaíola agus pleananna forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus don tionscal maidir le topaicí comhshaoil éagsúla (lena n-áirítear iarratais ar cheadúnais, cosc ar dhramhaíl agus rialacháin chomhshaoil).
- Feasacht chomhshaoil níos mó a fhorbairt (trí chláir teilifíse ar an gcomhshaol agus trí phacáistí acmhainní do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA RÉAMHGHNÍOMHACH

- Cur chun cinn sheachaint agus laghdú dramhaíola trí chomhordú an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, lena n-áirítear cur i bhfeidhm na dTionscnamh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na treoracha um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach agus um Shrianadh ar Shubstaintí Guaiseacha agus substaintí a dhéanann ídiú ar an gcrios ozóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a sheachaint agus a bhainistiú.

BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚR AN EPA

Tá an eagraíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus ceathrar Stiúrthóirí. Déantar obair an EPA thar ceithre oifig:

- An Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní
- An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha.

Faigheann Bord an EPA comhairle freisin ó phríomh-choistí agus ó ghrúpaí seachtracha. Tugtar achoimre ar na príomh-choistí sna hailt seo a leanas.

An Coiste Comhairleach – Foráiltear le hAlt 27 den Acht EPA go mbunófar Coiste Comhairleach. Tá an tArd-Stiúrthóir ina chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach agus tá aon chomhalta déag eile ar an gcoiste. Is é an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheapann na comhaltaí, agus roghnaítear seachtar acu go príomha as na daoine a fhaigheann ainmniúcháin ó eagraíochtaí a bhfuil cúram orthu maidir le cúrsaí comhshaoil, forbartha agus cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta nó nithe ginearálta níos leithne. Is é an tAire a cheapann an ceathrar comhaltaí eile.

Tá raon leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste faoi Alt 28 den Acht EPA, maidir leis an EPA agus leis an Aire. Is féidir leis an gCoiste Comhairleach moltaí a dhéanamh leis an nGníomhaireacht maidir le riachtanais ghinearálta na foirne lena n-áirítear:

- soláthar seirbhísí, lena n-áirítear áiseanna saotharlainne, arna n-éileamh ag an nGníomhaireacht;
- caighdeáin, treoirlínte agus cóid chleachtais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil;
- clár Taighde na Gníomhaireachta, maoiniú agus tosaíochtaí an chláir;
- Clár Oibre Bliantúil na Gníomhaireachta agus tosaíochtaí an chláir;
- comhdhálacha oiliúna a bhaineann le cosaint an chomhshaoil.

Is féidir leis an gCoiste Comhairleach moltaí a dhéanamh freisin don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir leis na nithe seo a leanas:

- feidhmeanna sonracha a shannadh don Ghníomhaireacht;
- maoiniú na Gníomhaireachta;
- gníomhaíochtaí nó aicmí gníomhaíochtaí ar chóir don Ghníomhaireacht feidhmeanna ceadúnaithe a bheith aici ina leith;
- freagracht a shannadh don Ghníomhaireacht maidir le saincheisteanna comhshaoil sonracha.

Coiste Comhairleach GMO – Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a cheapann an Coiste Comhairleach GMO (Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe). Déantar é seo faoi Acht EPA 1992. Maidir leis an gCoiste:

- cuireann sé comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le saincheisteanna GMO ábhartha;
- ceaptar é ar feadh téarma trí bliana;

- tá 14 chomhalta ar an gcoiste arna n-ainmniú ag eagraíochtaí Rialtais agus neamh-Rialtais araon.

Is féidir a dtuairim/saineolas a iarraidh ar an gCoiste faoi aon ghné d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta faoi na Rialacháin um Úsáid Shrianta agus Scaoileadh d'Aon Turas. Bíonn cruinnithe an choiste ar siúl thart ar 4 huaire in aghaidh na bliana.
Tá comhalta amháin ar an gCoiste a dhéanann ionadaíocht ar an nGníomhaireacht agus a fhónann mar Chathaoirleach.

An Grúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta - Is é an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhunaigh an Grúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta chun comhairle a chur ar Bhord na Gníomhaireachta maidir leis an bPlean Leithdháilte Náisiúnta agus Trádáil Astuithe. Soláthraíonn an NAAG comhairle freisin don Údarás um Leithdháileadh Náisiúnta, agus is é Bord an EPA a chomhlíonann ról agus freagrachtaí an Údaráis. Tá cathaoirleach neamhspleách ar an nGrúpa.

An Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (NWPC) – Bhunaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl chun comhairle a thabhairt don Ghníomhaireacht agus d'eagraíochtaí eile maidir le dramhaíl a chosc. Bunaíodh an Coiste i mí Iúil 2004 chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an Chláir Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola agus treoir straitéiseach a thabhairt don EPA lena chur i bhfeidhm. Is í an EPA a chuireann an cathaoirleach agus an rúnaíocht ar fáil don Choiste. Roghnaítear comhaltaí an Choiste ó raon grúpaí rialtais, neamh-rialtais, grúpaí sainleasa gnó agus earnála.

An Coiste Iniúchta Inmheánaigh – Éilíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ar chomhlachtaí stáit Coiste Iniúchta a cheapadh ar a mbeidh triúr Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin neamhspleácha ar a laghad. Toisc nach bhfuil aon Stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht, áfach, lorgaíodh tarscaoileadh agus bronnadh é i mí Iúil 2002 maidir leis an gceanglas sin. D'ainneoin an tarscaoilte, chloígh an Ghníomhaireacht le spiorad an Chóid, agus in 2003 ceapadh Coiste Iniúchta Inmheánaigh (IAC) ar a raibh Cathaoirleach seachtrach agus saineolaithe seachtracha eile (in ionad ionchur ó Stiúrthóir neamh-fheidhmiúcháin), mar aon le hionadaithe sinsearacha ón nGníomhaireacht.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil 2009 EPA Tuarascáil Bhliantúil 2009

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2009

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair freagracht ar bith as cailliúint nó damáiste a tharlódh, nó a d'éileofaí gur tharla, mar iarmhairt, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomhú aon duine nó mainneachtain chun gníomhú aon duine, mar thoradh ar ábhar a fhaightear san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag Yellowstone Communications Design

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil,
Bosca Poist 3000, Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach,
Co. Loch Garman, Éire

ISBN 978-1-84095-351-0

CLÁR ABHAIR

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra	3
Misean, Fís & Luachanna	8
Struchtúr Eagraíochta an EPA	9
An Bord Stiúrthóirí	10
An Coiste Comhairleach	11
ROINN 1	**12**
Réamhrá	13
1. Athrú Aeráide a Shrianadh agus Oiriúnú Dó	14
2. Aer Glan	18
3. Acmhainní Uisce Cosanta	22
4. Ithir agus Bithéagsúlacht Chosanta	28
5. Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní	32
6. Comhtháthú agus Forfheidhmiú	34
7. Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt	42
ROINN 2	**48**
Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí Fostaithe in 2009	49
An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997	50
Foilseacháin an EPA 2009	51
ROINN 3	**54**
Ráitis Airgeadais	55

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2009 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tugann an tuarascáil sonraí maidir lenár n-aschuir le linn 2009, mar aon le ráitis airgeadais an EPA a sholáthar.

Táimid imithe i dTuarascáil Bhliantúil 2009 ón stíl tuairiscithe a bhí againn maidir le tuairisc a thabhairt ar ár gcuid feidhmeanna de réir Oifige, agus muid anois ag tuairisciú ar aschuir faoi na sé sprioc comhshaoil straitéiseacha atá leagtha amach in *2020Vision*. Leag an EPA amach a fís fhadtéarmach do chomhshaol na hÉireann ina straitéis chorparáideach *2020Vision*. Socraíodh san fhís spriocanna do chomhshaol na hÉireann faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce cosanta, ithir agus bithéagsúlacht chosanta, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú. Tá cláir oibre bliantúla an EPA ar aon dul leis na spriocanna straitéiseacha seo do chomhshaol na hÉireann agus léirítear é sin i struchtúr na tuarascála seo. Anuas ar na sé sprioc comhshaoil, leagann *2020Vision* amach gurb é ár sprioc i gcónaí thar aon ní eile forbairt a dhéanamh ar eagraíocht a fheidhmíonn go láidir, a oibríonn go cliste agus go héifeachtúil, a thógann comhpháirtíochtaí éifeachtacha agus a chuireann fothorthaí fónta comhshaoil ar fáil. Tugann an tuarascáil seo aghaidh freisin ar aschuir i gceithre phríomh-réimse – daoine inniúla / tiomanta, curadh an chomhshaoil, dírithe ar an gcustaiméir agus éifeachtúil ó thaobh na heagraíochta.

Cosúil leis na heagraíochtaí go léir san earnáil phoiblí tá an cor chun donais eacnamaíoch agus na céimeanna atá á nglacadh ag an rialtas chun ár gcúrsaí airgeadais a réiteach ag dul i bhfeidhm ar an EPA. Tá orainn oibriú le níos lú airgid agus líon níos lú daoine. Sa timpeallacht eacnamaíoch reatha, tá 'níos mó a dhéanamh le níos lú' ina príomhthosaíocht don EPA agus táimid ag féachaint ar raon leathan roghanna chun rudaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí agus teicneolaíocht a úsáid chun an leas is mó is féidir a bhaint aisti, d'fhonn cabhrú lenár bhfoireann oibriú ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. D'ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch agus na laghduithe inár mbuiséid agus i líon ár bhfoirne araon, fanann ár misean, ár bhfís agus ár luachanna mar an gcéanna agus is é an dúshlán don EPA ná an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na daoine agus na hacmhainní atá ar fáil dúinn chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

Tá na dúshláin chéanna fós ann maidir le caomhnú an chomhshaoil agus d'éirigh siad níos deacra de bharr na géarchéime eacnamaíche. Go simplí, tá níos lú airgid ar fáil le hinfheistiú i gcosaint an chomhshaoil agus beidh infheistíocht shuntasach agus leanúnach ag teastáil chun mórán dár bhfadhbanna a réiteach, amhail na heaspaí uisce a bhí i gceist le déanaí i ndiaidh leibhéil báistí agus sneachta gan fasach.

Is é seo an fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach caomhnú an chomhshaoil a choimeád ina thosaíocht. Is acmhainn straitéiseach atá tábhachtach don tír é comhshaol na hÉireann a chaithfear a chaomhnú, a bhainistiú agus infheistiú a dhéanamh ann chun sochaí shláintiúil agus geilleagar láidir, ísealcharbóin agus níos glaise a shlánú sa todhchaí. Má theastaíonn uainn, mar shochaí, a chinntiú go dtiocfaidh na glúine sa todhchaí in oidhreacht ar chomhshaol glan agus táirgiúil, ní mór dúinn gníomh a ghlacadh agus infheistíocht a dhéanamh anois.

Is féidir a bheith soirbh áfach, ar a lán cúiseanna. Glactar le teicneolaíochtaí glasa agus gnó glas mar chuid lárnach den 'Gheilleagar Cliste' nua. Tá forbairt inbhuanaithe i gcroílár an Chomhphobail Eorpaigh anois agus tá an Eoraip chun tosaigh go domhanda maidir le hathrú aeráide. Cuireadh Coimisiún Eorpach nua ar bun le déanaí agus is iad na trí thosaíocht don choimisinéir comhshaoil nua ná geilleagar glas a chur chun cinn, stop a chur le bithéagsúlacht a chailliúint agus an reachtaíocht comhshaoil atá ann cheana a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú. Tá tábhacht chomh mór sin ag baint le hathrú aeráide gur cruthaíodh stiúrthóireacht nua ar leith. In Éirinn, d'ainneoin ár bhfadhbanna go léir, tá comhshaol ar ardchaighdeán againn fós. Soláthraítear i dtuarascálacha ar Staid an Chomhshaoil agus an iomaí tuarascálacha eile de chuid an EPA ar cháilíocht aeir, cáilíocht an uisce, bainistíocht dramhaíola, forfheidhmiú, athrú aeráide agus saincheisteanna eile – mar aon leis na torthaí ó thaighde arna mhaoiniú ag an EPA – bonn fianaise dúinn chun na fadhbanna atá ann agus an méid is ceart a dhéanamh chun iad a réiteach, a léiriú.

Le linn 2010, beidh athbhreithniú á dhéanamh againn ar an dul chun cinn go dtí seo lenár straitéis *2020Vision* agus beimid ag dul i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara faoi na gníomhartha atá ag teastáil ón EPA agus ó pháirtithe eile idir 2011 agus 2014 chun an fhís seo a bhogadh ar aghaidh, agus foilseofar straitéis chorparáideach nua faoi dheireadh na bliana. Déanfar an t-athbhreithniú ar an EPA, a ndearnadh foráil dó sa chlár don rialtas, le linn 2010 freisin. Cuirim féin agus mo chomhstiúrthóirí fáilte roimh an athbhreithniú seo a chabhróidh chun an bealach ar aghaidh don EPA a leagan amach don todhchaí is intuartha, agus a bheidh fíorthábhachtach chun straitéis chorparáideach nua an EPA a fhorbairt.

ATHRÚ AERÁIDE

Bhí díomá mór ar phobal na hEorpa nach ndearnadh dul chun cinn níos suntasaí ag an gcruinniú mullaigh domhanda faoi athrú aeráide i gCóbanhávan i mí na Nollag. Tá bóthar fada agus deacair os ár gcomhair in Éirinn, san Eoraip agus sa chuid eile den domhan chun plé le hiarmhairtí an athraithe aeráide agus tá sé níos tábhachtaí ná riamh go bhfanfaidh an tsaincheist seo ina tosaíocht. Beidh sé tábhachtach na rudaí dearfacha a thógáil ó Aontú Chóbanhávan agus cur leo chun comhaontú domhanda suntasach a chur ar bun. Mar chuid den chreatlach do Bhille nua um Athrú Aeráide, mhol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go gcruthófaí Oifig nua um Athrú Aeráide, a bheadh lonnaithe san EPA agus táim ag súil le dul i ngleic leis an dúshlán tábhachtach seo nuair a thiocfaidh sé chugainn.

Ba é ceann de bhuaicphointí an EPA in 2009 ná achoimre a foilsíodh ar leibhéal an eolais faoi athrú aeráide in Éirinn. Tarraingítear faisnéis le chéile sa tuarascáil ó roinnt staidéar ar athrú aeráide arna maoiniú ag an EPA trína cláir thaighde. Soláthraítear inti measúnú straitéiseach ar na tionchair fhéideartha ar phríomhearnálacha eacnamaíocha in Éirinn agus aithnítear roinnt roghanna oiriúnaithe agus bearnaí in eolas. Le linn 2009, leanamar lenár sraith rathúil de léachtaí poiblí ar athrú aeráide le dhá léacht arna n-eagrú sa tréimhse díreach roimh an gcruinniú mullaigh domhanda faoi athrú aeráide i gCóbanhávan. Tá lucht éisteachta mór fós á mhealladh ag na léachtaí seo agus tá sé beartaithe againn roinnt léachtaí breise a eagrú le linn 2010.

UISCE

Tá baint ag an EPA le mórán gnéithe de bhainistiú uisce in Éirinn agus tá sí i staid mhaith chun na dúshláin atá amach romhainn don todhchaí a aithint. Taispeánadh leis na heachtraí tuile agus reo le déanaí do mhórán dár saoránaigh cé chomh leochailí is atá ár mbonneagar maidir le soláthar uisce óil shláin a sheachadadh agus léirítear inár dtuarascáil is déanaí ar cháilíocht uisce, arna foilsiú i mí na Nollag 2009, na dúshláin atá os comhair na hÉireann chun ár n-aibhneacha, lochanna, inbhir agus screamhuiscí a athchóiriú go stádas éiceolaíoch maith. Tarraingíodh aird sa tuarascáil ar an meath suntasach i láithreáin abhann ardchaighdeáin le linn na 20 bliain seo a chuaigh thart. Ba í an chéad thuarascáil inar baineadh úsáid as an gcóras rangaithe cáilíochta uisce nua atá riachtanach faoin gCreat-Treoir Uisce agus bhí sé léirithe go soiléir inti méid an dúshláin atá amach romhainn chun na spriocanna atá leagtha amach sa Treoir sin a bhaint amach.

Lean an EPA uirthi ag déanamh maoirseachta ar an uisce óil arna sholáthar ag údaráis phoiblí agus rinne sí bainistiú gníomhach ar an liosta beart leasúcháin a dréachtaíodh in 2008. Is liosta é seo de na soláthair uisce óil phoiblí ar gá iniúchadh a dhéanamh orthu ón bhfoinse go dtí an custaiméir chun cinneadh a dhéanamh faoi cibé ar gá athsholáthar nó uasghrádú a dhéanamh, nó cibé ar cheart cleachtais oibríochta a fheabhsú. I gcás na 339 soláthar poiblí uisce a d'aithin an EPA agus a cuireadh ar an Liosta Beart Leasúcháin go luath in 2008, rinneadh na bearta riachtanacha leasúcháin ar 96 díobh agus bhain an EPA den Liosta iad agus chuir siad 58 soláthar eile leis an Liosta. Ag deireadh 2009 bhí 301 soláthar in iomlán ar an Liosta Beart Leasúcháin.

Ba í 2009 an chéad bhliain iomlán don EPA ina ról nua mar rialaitheoir ar ghléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, an mórphointe scaoilte deireanach isteach sa timpeallacht uisceach atá gan rialáil. Le linn 2009, eisíodh 49 ceadúnas chuig údaráis áitiúla don chuid is mó de na gléasraí móra ar fud na tíre agus tá na ceadúnais sin á bhforfheidhmiú ag an EPA anois. Rialóidh an EPA breis agus 500 gléasra agus ba cheart go bhfeicfí feabhsuithe suntasacha ar cháilíocht an uisce sna blianta amach romhainn mar thoradh ar an gcóras ceadúnaithe nua seo agus ba cheart go gcabhródh sé le hÉirinn na spriocanna atá leagtha amach sa Chreat-Treoir Uisce do dhobharlaigh Éireannacha a bhaint amach.

Le linn an tsamhraidh sheolamar seirbhís ghréasáin nua darbh ainm *Splash*, chun faisnéis nuashonraithe a sholáthar don phobal maidir le cáilíocht an uisce snámha. Bhuaigh an láithreán dámhachtain ó Shábháilteacht Uisce na hÉireann, agus tugtar sonraí ann faoi infhaighteacht gardaí tarrthála, stádas brataí goirme, taoidí agus réamhaisnéis aimsire. Forbraíodh an láithreán gréasáin i gcomhar le IBM, An Taisce, (an comhlacht atá freagrach as Bratacha Gorma a dhámhachtain do limistéir snámha in Éirinn) agus Sábháilteacht Uisce na hÉireann.

Is é ceann de na hacmhainní nádúrtha is luachmhaire atá againn in Éirinn é uisce úr neamhthruaillithe agus dea-chosanta agus beidh sé ina phríomhdhúshlán d'Éirinn thar na deich mbliana amach romhainn an bonneagar agus na córais riachtanacha a chur ar bun chun fionnuisce a bhainistiú, a chinnteoidh go dtiocfaidh na glúine sa todhchaí in oidhreacht ar an acmhainn luachmhar seo. Is féidir le huisce an-damáiste a dhéanamh freisin áfach, mar is léir ó na heachtraí tuile agus reo le déanaí, agus ní mór dúinn na córais agus an bonneagar a chur ar bun chun tuilte a rialú agus a bhainistiú agus chun damáiste do mhaoin a íoslaghdú. Má dhéanaimid é seo beimid ullamh do na hathruithe dóchúla ar ár n-aimsir agus ar ár bpátrúin báistí mar thoradh ar an athrú aeráide. Tharraing na heachtraí aeráide seo le déanaí aird ar shaincheisteanna maidir le rialachas uisce ag leibhéal náisiúnta ar gá iad a phlé freisin.

ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ

D'ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch, cuireadh ceannaireacht ar fáil i réimse an choisc ar dhramhaíl leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Tá 142 óstán rannpháirteach sa chlár fáilteachais ghlais agus tá breis agus 9,000 teaghlach tar éis páirt a ghlacadh i gclár na dTithe Glasa. Rinne an EPA comhordú ar rannpháirtíocht na hÉireann sa chéad Seachtain Eorpach um Laghdú Dramhaíola i mí na Samhna na bliana seo caite, a chuir deis ar fáil chun mórán de na tionscnaimh atá á maoiniú tríd an gclár a léiriú. I measc na n-eagraíochtaí a bhí ina bpáirtithe bhí An Taisce, Repak agus na húdaráis áitiúla agus baineadh leas as an tseachtain chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le dramhaíl a chosc agus a íoslaghdú agus le húsáid níos inbhuanaithe ár gcuid acmhainní nádúrtha. Luaigh an ECFE an Clár go fabhrach ina thuarascáil ar fheidhmiú na hÉireann maidir leis an gcomhshaol, arna foilsiú i mí na Samhna 2009.

CEADÚNÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

I measc bhuaicphointí 2009 i réimse an cheadúnaithe agus an fhorfheidhmithe bhí an t-athbhreithniú ar na ceadúnais go léir le haghaidh líonta talún, feabhsú ár gceadúnú le haghaidh gléasraí cóireála fuíolluisce uirbigh, a luaigh mé roimhe seo, agus foilsiú ár dara tuarascáil dar teideal *Fócas ar Fhorfheidhmiú*.

Rinneadh athbhreithniú ar ár gceadúnais go léir le haghaidh líonta talún in 2009 chun iad a thabhairt i gcomhréir le spriocanna na Treorach um Líonta Talún chun an dramhaíl bhardasach in-bhithmhillte a chuirtear chuig líonta talún a laghdú. Má dhéantar méid na dramhaíola in-bhithmhillte a chuirtear chuig líonta talún a laghdú déanfar astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú freisin agus laghdófar dá réir an fhéidearthacht de bholadh ag líonta talún.

D'fhoilsíomar ár ndara tuarascáil dar teideal *Fócas ar Fhorfheidhmiú* i mí na Samhna. Déantar measúnú ar an gcaoi a gcuirtear caighdeáin chomhshaoil i bhfeidhm in Éirinn sa tuarascáil agus tarraingítear aird ar na dúshláin atá amach romhainn chun cloí go hiomlán le riachtanais Eorpacha maidir le haer, le huisce agus le dramhaíl. Cuimsítear faisnéis inti faoi ghníomhaíochtaí forfheidhmithe an EPA agus na n-údarás forfheidhmithe comhshaoil eile thar an tréimhse 2006 – 2008. Foilsíodh Cód Cleachtais nua chun beartas forfheidhmithe a fhorbairt maidir le gníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe in 2009 chomh maith. Soláthraítear leis an gCód Cleachtais creatlach le haghaidh údaráis áitiúla chun freagairt do ghníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe agus comhlánaítear léi na rialuithe bainistíochta dramhaíola atá ar bun cheana féin chun an comhshaol a chaomhnú.

TAIGHDE COMHSHAOIL AGUS NUÁLAÍOCHT

Tá an EPA freagrach as taighde comhshaoil a chur chun cinn agus a chomhordú in Éirinn agus leanann sí uirthi ag tacú le fás agus forbairt an réimse sin trína clár um Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht (STRIVE). In 2009, d'fhoilsigh an EPA 28 tuarascáil taighde lenar clúdaíodh athrú aeráide, uisce, bainistíocht dramhaíola agus acmhainní, ithreacha agus bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil agus saincheisteanna socheacnamaíocha. Rinneadh dámhachtainí le haghaidh 45 tionscadal nua freisin. Tá earnáil taighde comhshaoil aibí againn in Éirinn anois, lena dtacaítear le forbairt beartas agus le cur i bhfeidhm thar raon leathan réimsí. Leis na torthaí ó STRIVE agus ó chláir thaighde níos luaithe an EPA cabhraítear le hÉireann freisin cloí leis an iomaí oibleagáidí comhshaoil idirnáisiúnta atá aici agus na hiarmhairtí airgeadais a sheachaint a bheadh i gceist dá dteipeadh uirthi na hoibleagáidí seo a chomhlíonadh.

Sa bhliain 2009 freisin tugadh suntas níos mó do thairbhí féideartha an gheilleagair ghlais agus ísealcharbóin d'Éirinn. Tá buntáistí eacnamaíocha ag baint le fás eacnamaíoch ísealcharbóin chomh maith le buntáistí comhshaoil. Tá a páirt féin á glacadh ag an EPA i ngeilleagar níos glaise a chruthú in Éirinn trí infheistíocht a dhéanamh ann lena clár STRIVE. Léiríodh roinnt de na fothorthaí ar an infheistíocht seo i dtuarascáil an EPA *Nuálaíocht i gcomhair Geilleagar Glas*, arna seoladh ag an Aire Gormley i mí an Mheithimh. Is ceann de na príomhrudaí a spreagann an nuálaíocht ghlas é an ceadúnú comhshaoil agus tá sé fíorthábhachtach go leanfaí le hinfheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht comhshaoil i dtreo is go mbeimis in ann bonn a thógáil le haghaidh saol níos glaine agus níos glaise don todhchaí agus tairbhe a bhaint as an gclaonadh domhanda i dtreo todhchaí ísealcharbóin.

EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMÍOCHTA A FHORBAIRT

Leis an moratorium nó an cosc ar earcaíocht san earnáil phoiblí chonacthas laghdú ar líon na foirne san EPA le linn 2009. 340 ball foirne atá ceadaithe don EPA ag deireadh 2009. Mar sin féin, tharla folúntais i 7 bpost le linn na bliana rud a d'fhág go raibh 333 ball foirne ag an eagraíocht ag deireadh 2009.

Tá an EPA tiomanta d'fhorbairt foirne agus oiliúna, agus in 2009 forbraíodh *Straitéis Foghlama Chorparáideach 2010-2012* chun creat a sholáthar trínar féidir leis an EPA na gealltanais forbartha foirne atá leagtha amach in *2020Vision* a bhaint amach. Déantar cur chuige níos straitéisí agus réamhghníomhaí a sholáthar sa straitéis chun riachtanais oiliúna agus forbartha a chomhlíonadh agus a shainaithint agus chun cinntiú a dhéanamh go bhfuil cothromaíocht chuí ann idir riachtanais chorparáideacha agus riachtanais aonair.

Chuir an EPA tús le feidhmiú céimneach ar Chlár Bainistíochta Daoine do bhainisteoirí le linn 2009. Déanfar na scileanna atá riachtanach chun bainistiú a dhéanamh i gcomhthéacs timpeallacht oibre atá ag athrú go mear agus brúnna méadaithe le haghaidh éifeachtaí agus nuálacha á lorg ón Earnáil Phoiblí, a thabhairt do na bainisteoirí sinsearacha sa Chlár. Forbraíodh Treoirleabhar um

Acmhainní Daonna freisin do Bhainisteoirí agus eisíodh é do na Bainisteoirí Líne go léir in 2009. Dearadh an treoirleabhar chun cuidiú le Bainisteoirí Líne maidir lena n-idirghníomhú laethúil leis an bhfoireann agus chun cuidiú leis an EPA a stádas a chothabháil mar eagraíocht ardfheidhmíochta ina bhfuil daoine inniúla agus tiomanta.

Arís in 2009, lean an EPA le hiniúchtaí inmheánacha faoi stiúir an Choiste Iniúchta Inmheánaigh. Bunaíodh an Coiste faoin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, agus tionóladh ceithre chruinniú den choiste in 2009. Rinneadh dhá iniúchadh inmheánach le linn na bliana sna réimsí a bhaineann le Bainistíocht Imeachtaí, Fáilteachas, Urraíocht agus Taisteal & Cothabháil agus maidir le Sainchomhairleoirí, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtraí a Úsáid san EPA. Rinneadh athbhreithniú freisin ar iniúchadh inmheánach chomh maith le hobair ullmhúcháin maidir le hIniúchtaí Luach ar Airgead a dhéanamh le linn 2010.

D'fhaomh an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA Plean Iniúchta Inmheánaigh ag clúdach na tréimhse 2010 – 2011.

Tá an EPA tiomanta sampla maith a thabhairt chomh fada is a bhaineann sé lena tionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Aithníodh 'Glasú an EPA' mar cheann de na Sé Mhórthosaíocht i gClár Oibre an EPA do 2009. Leanadh ar aghaidh leis an gCóras Bainistíochta Comhshaoil (EMS) a chur i bhfeidhm d'fhonn ISO4001 a bhaint amach. Rinneadh moladh in iniúchadh réamh-mheasúnaithe ar tugadh chun críche é ag deireadh 2009 gur cheart dul ar aghaidh le hiniúchadh deimhniúcháin go luath in 2010.

Mar chuid dá thiomantas do sheirbhís do chustaiméirí bhunaigh an EPA Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil in 2009. Dhéileáil an Láraonad le breis is 2,200 ceisteanna le linn 2009. Rinneadh suirbhé ar úsáideoirí na seirbhíse go déanach in 2009 agus taispeánadh leibhéal ard sástachta leis an tseirbhís agus d'aontaigh 89% dóibh siúd a thug freagra gur chuidigh an Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil leo déileáil lena gceisteanna.

Ar deireadh, ba mhaith liom ómós speisialta a thabhairt do Larry Stapleton a d'imigh ar scor mar Stiúrthóir an EPA i mí na Samhna 2009, tar éis dó fónamh don EPA ó bhunú na gníomhaireachta in 1993. Bhí sé ag obair roimhe sin leis an bhForas Forbartha agus leis an Aonad Taighde Comhshaoil áit ar chaith sé 17 mbliana.

Ba mhaith liom freisin ómós speisialta a thabhairt do Paddy Nolan, Ciaran O'Donnell, George McHugh, Hugh Horan, John O'Hare agus Jim Penny, a d'imigh ar scor in 2009. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann uile an EPA, le mo Chomhstiúrthóirí, le Coiste Comhairleach an EPA, leis an gCoiste Iniúchta Inmheánaigh, leis an gCoiste Comhairleach um GMO, leis an nGrúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta, leis an gCoiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl agus le Coiste Stiúrtha an Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil agus na daoine aonair agus grúpaí éagsúla eile go léir a thug comhairle dúinn agus a chabhraigh linn, as a dtacaíocht agus a dtiomantas le linn na bliana agus as a gcuid díograise ó thaobh an chomhshaoil a chaomhnú. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil as an tacaíocht a thug sé don EPA in 2009 agus don iomaí oifigeach óna Roinn a oibríonn go dlúth linn.

Mary Kelly

An Dr Mary Kelly
Ard-Stiúrthóir

MISEAN, FÍS & LUACHANNA

IS É ÁR MISEAN:

An comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do ghlúine na todhchaí, agus prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe á gcur san áireamh.

IS É ÁR BHFÍS CHUN BHEITH:

- Mar ghníomhaí cumhachtach i gcomhair athraithe, idir dhearcadh i leith an chomhshaoil agus ghníomhartha um chaomhnú comhshaoil;
- Mar eagraíocht a oibríonn le saincheisteanna comhshaoil a chur i gcroílár na bpróiseas cinnteoireachta idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil;
- Mar eagraíocht inchreidte agus urramaithe a labhraíonn go misniúil ar son chaomhnú an chomhshaoil;
- Mar eagraíocht de scoth an domhain a mbíonn daoine bródúil as a bheith ag obair inti.

IS IAD SEO A LEANAS ÁR LUACHANNA:

- Ionracas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht;
- Seirbhís dár bpáirtithe leasmhara;
- Luach ar airgead;
- Urraim agus tacaíocht do chomhghleacaithe;
- Toilteanas foghlama.

IS IAD SEO A LEANAS ÁR SPRIOCANNA:

Socraíodh spriocanna in *2020 Vision* faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce cosanta, ithir agus bithéagsúlacht chosanta, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú. Is é sprioc uileghabhálach na heagraíochta a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta le daoine inniúla tiomanta, atá dírithe ar an gcustaiméir agus atá éifeachtach ó thaobh na heagraíochta de agus a fheidhmíonn mar churadh an chomhshaoil.

Athrú Aeráide a Shrianadh agus Oiriúnú Dó – Bainfidh Éire amach laghduithe móra in astuithe gáis cheaptha teasa agus beidh sí ullamh le haghaidh tionchar dosheachanta an athraithe aeráide.

Aer Glan – Beidh aer na hÉireann sláintiúil glan. Bainfidh Éire amach na spriocanna idirnáisiúnta agus náisiúnta uile maidir le hastuithe san atmaisféar.

Acmhainní Uisce Caomhnaithe – Ní ídeofar ár n-uisce dromchla ná ár screamhuisce agus beidh sé de cháilíocht ard, ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta uile.

Ithir agus Bithéagsúlacht Chosanta – Cosnófar ithir na hÉireann ó éilliú agus ó chailliúint agus tacóidh sé le plandaí agus ainmhithe spleácha. Cosnófar agus bainisteofar ár mbithéagsúlacht le go mbainfidh na glúine amach romhainn taitneamh aisti.

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní – Is é an sprioc fhoriomlán atá againn úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní (uisce, fuinneamh agus ábhair). Cuirfear cosc ar dhramhaíl agus íoslaghdófar í, agus baileofar, athchúrsálfar nó aisghabhfar an chuid eile di. Déanfar an diúscairt deiridh ar bhealach nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol.

Comhtháthú agus Forfheidhmiú – Beidh gnéithe comhshaoil ag croílár an cheaptha beartas agus na cinnteoireachta. Beidh iompraíocht chomhshaoil fhreagrach ina gnáthiompraíocht thar gach earnáil den tsochaí agus gearrfar pionóis ar aon duine nach gcomhlíonann na dlíthe comhshaoil.

Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt – Is riachtanas leanúnach é na daoine agus na hacmhainní eagrúcháin a fhorbairt chun tacú lenár straitéis agus chun é sin a dhéanamh ní mór díriú ar cheithre phríomhréimse. Is mian linn cur lenár gcáil agus a chinntiú go bhféachfar orainn mar eagraíocht a bhfuil láidreachtaí aici sna ceithre phríomhréimse seo a leanas: Daoine Inniúla/Tiomanta; Curadh an Chomhshaoil; Dírithe ar Chustaiméirí agus Struchtúr Eagraíochta atá Éifeachtúil ó thaobh na hEagraíochta.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA AN EPA



AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

Clé go deas

An Dr Mary Kelly	*Ard-Stiúrthóir*
An tUasal Larry Stapleton	*Leas-Ard-Stiúrthóir; Stiúrthóir,* an Oifig um Measúnacht Comhshaoil (go dtí mí na Samhna 2009)
An tUasal Laura Burke	*Stiúrthóir, An Oifig um Aeráid,* Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní
An tUasal Dara Lynott	*Stiúrthóir, an Oifig um* Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil
An tUasal Micheál Ó Cinnéid	*Stiúrthóir, An Oifig Cumarsáide* agus Seirbhísí Corparáideacha

AN COISTE COMHAIRLEACH

Tá Coiste Comhairleach ag an nGníomhaireacht le cabhrú léi. Tá dáréag ball air agus tagann siad le chéile le plé a dhéanamh ar cheisteanna ar ábhar imní iad agus le comhairle a thabhairt don Bhord. Is é an rialtas a cheapann an Coiste Comhairleach ar feadh téarma trí bliana. Tháinig deireadh le téarma oifige an Choiste Chomhairligh an 28 Feabhra 2009. Bhí siad seo a leanas ar an gCoiste Comhairleach sin:

Cathaoirleach:

An Dr Mary Kelly	*(de bhrí oifige)*
An tUasal Katherine Walshe	*Comhairle Contae Chorcaí (ainmnithe ag IEI)*
An tUasal Jeanne Meldon	*Comhairleoir pleanála* (ainmnithe ag Fáilte Ireland)
An tUasal Marion Byron	*Pharmachemical Ireland (ainmnithe ag IBEC)*
An tUasal Donal Harte	*Feirmeoir (ainmnithe ag Cumann Soláthraithe Bainne Uachtarlainne)*
An tUasal Carmel Dawson	*Cathaoirleach, An Grianán (ainmnithe ag Bantracht na Tuaithe)*
An tUasal Willie Callaghan	*Comhairle Contae Chill Dara. Comhairleoir (ainmnithe ag AMAI)*
An Dr John Sweeney	*OÉ Má Nuad (ainmnithe ag Acadamh Ríoga na hÉireann)*
An tUasal Irene Sweeney	*Ionadaí pobail, An tInbhear Mór*
An tUasal John Buckley	*Ionadaí pobail, Cill Airne*
An tUasal John Dillon	*Uachtarán a bheidh ag dul as oifig, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann*
An tUasal Seán Byrne	*Comhairle Thailte Arda Chill Mhantáin*

ROINN 1

RÉAMHRÁ

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2009 an EPA. Soláthraítear sa tuarascáil seo achoimre ar phríomhghníomhaíochtaí an EPA agus ar na fothorthaí comhshaoil agus eagrúcháin a baineadh amach le linn 2009. Tá struchtúr na cáipéise seo ag teacht le *2020Vision*, an chreatlach straitéiseach um chaomhnú agus feabhsú chomhshaol na hÉireann a d'fhoilsigh an EPA i mí Aibreáin 2007.

Déantar obair an EPA ina ceithre phríomhoifig:

Tá sainchúram leathan ar an ***Oifig um Aeráid, Cheadúnú agus Úsáid Acmhainní***, lena n-áirítear ceadúnú saoráidí móra tionsclaíocha agus dramhaíola agus scaoileadh fuíolluisce ag an Aonad Ceadúnaithe. Tá an tAonad um Athrú Aeráide freagrach as astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a rialú agus tuairisciú fúthu, agus as taighde ar athrú aeráide a chomhordú. Tá an tAonad um Úsáid Acmhainní freagrach as úsáid inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn tríd an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chur i bhfeidhm, an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola a fhoilsiú agus an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a chur chun cinn agus trí raon leathan rialachán maidir le Freagracht ar an Táirgeoir a fhorghníomhú. Tá an Oifig freagrach freisin as saoráidí móra stórála peitril a cheadú agus cead a thabhairt maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe.

Tá ***an Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil*** tiomanta do reachtaíocht chomhshaoil a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Tá freagracht díreach aici as ceadúnais EPA a fhorfheidhmiú arna mbronnadh le haghaidh gníomhaíochtaí dramhaíola, tionsclaíocha agus gníomhaíochtaí eile. Chomh maith leis sin déanann sí maoirseacht ar ghníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na n-údarás áitiúil, trína bhfeidhmíocht a iniúchadh, trí chomhairle agus treoracha a thabhairt dóibh, agus trí threoracha atá ceangailteach go dlíthiúil a thabhairt má oireann sé sin.

Déanann ***an Oifig um Measúnacht Comhshaoil*** monatóireacht thimpeallach ar aer agus uisce, lena n-áirítear monatóireacht ar lochanna, aibhneacha agus inbhir ó thaobh gnéithe ceimiceacha, bitheolaíochta agus hidriméadracha de, de réir mar is cuí, agus déanann sí monatóireacht cháilíochtúil agus chainníochtúil ar screamhuisce, agus déanann sí comhordú ar an obair monatóireachta. Tacaíonn sí le feidhmeanna ceadúnúcháin agus forfheidhmiúcháin an EPA trí mhonatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus trí sheirbhísí éagsúla maidir le saotharlanna a sholáthar. Tugann sí cabhair samplála agus saotharlainne d'údaráis áitiúla freisin. Tá an Oifig freagrach as raon feidhmeanna, lena n-áirítear: clár taighde comhshaoil náisiúnta a chomhordú; uirlisí measúnaithe amhail Córais Faisnéise Geografaí (GIS) a fhorbairt agus a úsáid; tuarascálacha tráthrialta a sholáthar ar chaighdeán an chomhshaoil; agus tuarascálacha tréimhsiúla a fhoilsiú ar'staid an chomhshaoil' agus Tuarascálacha Táscaire a fhoilsiú. Lena chois sin, cuireann an Oifig príomhghnéithe de Chreat-Treoir Uisce agus Chreat-Treoir Aeir an AE, mar aon lena Macthreoracha, i bhfeidhm. Feidhmíonn Oifig seo an EPA mar Lárphointe Náisiúnta na hÉireann don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA), déanann sí maoirseacht ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus comhordaíonn sí gníomhaíocht an EPA maidir le hithreacha agus bithéagsúlacht.

Cinntíonn ***an Oifig Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáideacha***, i measc rudaí eile, go ndéanann an EPA a cuid gníomhaíochtaí gnó ar bhealach éifeachtúil, a chloíonn leis an gcleachtas gnó is fearr agus go ndéanann sí cumarsáid éifeachtach lena cuid páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Tá an Oifig freagrach as seirbhísí Airgeadais, Cumarsáide, Rialachais Chorparáidigh, Teicneolaíochta Faisnéise, Acmhainní Daonna, Oiliúna agus Eagrúcháin.

Is féidir breis faisnéise ar ghníomhaíochtaí an EPA, ar cheadúnais, ar fhoilseacháin agus ar nuachtlitreacha a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie.

1. ATHRÚ AERÁIDE A SHRIANADH AGUS OIRIÚNÚ DÓ

SPRIOC 2020

Éireoidh le hÉirinn na hastuithe gáis cheaptha teasa a laghdú go mór agus beidh sí réidh do thionchar dosheachanta an athraithe aeráide.

TRÁDÁIL ASTUITHE

- Leanadh leis an laghdú in Astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GHG) fíoraithe ó uasphointe de 22.43 milliún tona in 2005, go dtí an 20.38 milliún tona a tuairiscíodh in 2008.
- Bhí ceadanna bailí ag 104 suiteáil arna gclúdach ag an scéim trádála astuithe in Éirinn lena gcuirtear dualgas orthu monatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus tuairisc a thabhairt orthu agus liúntais a ghéilleadh.
- Arís, chloígh Éire 100% leis an scéim, agus ghéill na hoibreoirí uile an líon riachtanach liúntas faoin 30 Aibreán a bhí comhionann lena n-astuithe fíoraithe.
- Tosaíodh ar an obair ar Scéim Trádála Astuithe an AE a shíneadh chuig an earnáil Eitlíochta.

FARDAIL ASTUITHE NÁISIÚNTA

- D'aontaigh Coimisiún an AE ar phacáiste tograí a fhéachann le laghdú 20% a déanamh ar iomlán na n-astuithe gáis cheaptha teasa san AE faoi 2020 (i gcoibhneas le leibhéil 1990) agus ag an am céanna méadú 20% a dhéanamh ar líon na bhfuinneamh in-athnuaite in ídiú fuinnimh.



FIGIÚR 1: Fad go Teorainn Kiótó na hÉireann (Foinse: EPA 2009)

- Cuireadh an fardal náisiúnta do 2007 i gcrích, agus foilsíodh fardal tosaigh 2008 i mí na Nollag do dhara buiséad carbóin an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
- Tháinig laghdú 210,000 tona (0.3%) go dtí 67.43 milliún tona ar Astuithe Gáis Cheaptha Teasa na hÉireann in 2008. Bhí laghdú 523,500 tona (4.4%) ar astuithe ón earnáil Thionsclaíoch agus Tráchtála agus laghdú níos mine de níos lú ná 1% ar astuithe ó na hearnálacha Talmhaíochta agus Iompair. Bhí méadú 603,700 tona ar astuithe ón earnáil Chónaithe a chealaíonn aon laghduithe ó earnálacha eile. Tháinig laghdú 1.56 milliún tona ar astuithe sna hearnálacha Fuinnimh agus Dramhaíola in 2008 de thoradh modheolaíochtaí feabhsaithe.
- Anois táimid 4.4 milliún tona (7%) ónár dTeorainn de réir Kiótó.

RÉAMH-MHEASTACHÁIN ASTUITHE

- Léiríonn Réamh-mheastacháin Gás Ceaptha Teasa na hÉireann don tréimhse 2008-2012 an ghníomhaíocht laghdaithe de bharr an choir chun donais eacnamaíoch, ach fós tá dúshlán leanúnach i gceist d'Éirinn chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Phrótacal Kiótó agus faoi spriocanna ceangailteacha an AE do 2020 araon.
- Tá próifíl na n-astuithe gáis cheaptha teasa in Éirinn neamhghnách i gcomhthéacs Eorpach, toisc go dtagann 27% de na hastuithe uile ó thalmhaíocht agus tagann 40% de na hastuithe uile ón earnáil neamhthrádála. Dá bhrí sin tá sé fíordheacair laghduithe iarbhír a chur i bhfeidhm san earnáil neamhthrádála ar an scála a theastaíonn. Taispeánann na réamh-mheastacháin reatha go sáróidh Éire a teorainn faoi

Phrótacal Kiótó faoi 1.3-1.8 MtCO2eq ar an meán gach bliain sa tréimhse 2008-2012. Beidh bearta agus beartais intíre bhreise riachtanach agus/nó beidh ar an Rialtas creidiúintí carbóin a cheannach chun an fhadhb sin a réiteach. Níos faide ar aghaidh go 2020, beidh dúshláin mhóra i gceist d'Éirinn ó thaobh na spriocanna laghdaithe astuithe ionchais atá á moladh ag an AE a bhaint amach toisc staid uathúil na hÉireann san AE mar an tír ina bhfuil an cion náisiúnta is airde d'astuithe talmhaíochta, mar aon leis an bhfás breise atá réamh-mheasta in astuithe ó iompar. Sá chás is fearr is féidir, réamh-mheastar go mbeidh 7 milliún tona níos mó de CO2 in 2020 ná an sprioc cheangailteach don bhliain sin in astuithe ó earnálacha nach gclúdaítear leis an Scéim Trádála Astuithe. Beidh an bearna seo níos mó fós má laghdaítear sprioc an AE a thuilleadh le comhaontú idirnáisiúnta cuí mar leanúint ar Phrótacal Kiótó.

EOLAÍOCHT AERÁIDE AEIR

Díríodh go láidir le linn 2009 ar thoradh cainteanna i gCreatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCCC) maidir le gníomhartha idirnáisiúnta ar athrú aeráide sa todhchaí agus bhí dian-leibhéal cainteanna ar bun ar ghníomhartha sa todhchaí agus ar na struchtúir atá de dhíth chun iad a sheachadadh.

I rith 2009, rinne an EPA na nithe seo a leanas:

- Leanamar le hionadaíocht láidir a chothabháil i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta ar eolaíocht aeir agus aeráide.
- Idirghníomhaíochtaí leanúnacha ar obair agus fhorbairt an IPCC sa todhchaí agus fóraim idirnáisiúnta eile.
- Bhíomar rannpháirteach in obair Shainghrúpa Eolaíochta an AE um athrú aeráide maidir le hullmhú don chruinniú um Athrú Aeráide i gCóbanhávan.
- Bhíomar gníomhach mar bhall de thoscaireacht na hÉireann ag cruinnithe UNFCCC.
- Rinneamar ionadaíocht ar son na Éireann ag cruinnithe na Comhairle Chomhairleach um Monatóireacht Dhomhanda don Chomhshaol agus don tSlándáil.
- In 2010, beidh Éire rannpháirteach go foirmiúil i dtionscadal ICOS10 a bhfuil sé mar aidhm aige líonra monatóireachta cruinn a sholáthar ar astuithe gáis cheaptha teasa ar fud na hEorpa.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- Tiomnaíodh maoiniú de €5 milliún ar an iomlán do thaighde sa réimse seo i rith na bliana 2009. Tá dul chun cinn déanta le tionscadail tosaíochta ar Charbóin a Ghabháil agus a Stóráil; Samhaltú Náisiúnta Fuinnimh/Astuithe agus Iompar Inbhuanaithe.
- Taispeánadh sa tuarascáil *Athrú Aeráide in Éirinn: Iarmhairtí ar Éirinn a mhionchoigeartú*:
  - go dtiocfaidh ardú idir 1.4°C go dtí 1.8°C ar an meánteocht faoin mbliain 2050.
  - Tuartar go mbeidh an méadú teochta níos tapúla sa Samhradh agus san Fhómhar ná sa Gheimhreadh agus san Earrach, agus méadú níos tapúla i lár na tíre agus san oirthear ná i gceantair cois cósta. Tuartar go dtiocfaidh méadú 10% ar bháisteach sa Gheimhreadh, agus táthar ag súil le laghdú 20-28% ar bháisteach sa Samhradh ar chósta an deiscirt agus an oirthir. D'fhéadfadh go mbeidh tonnta teasa níos faide agus triomach ann, agus beidh tábhacht ar leith aige seo in oirthear agus i ndeisceart na hÉireann.
  - Tá sé déanta amach sa tuarascáil go bhfuil gá práinneach ann freagairtí oiriúnach maolaithe agus oiriúnaithe a ghlacadh le dul i ngleic leis an mbaol ó athrú aeráide, d'ainneoin dhúshláin na n-imeachtaí eacnamaíochta.
- Taispeánadh sa tuarascáil CelticFlux go bhféadfadh go mbeidh ról tábhachtach ag bainistíocht ar fhéarthailte na hÉireann maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Tugtar le fios sa tuarascáil go mbaineann féarthailte idir 11 tona agus 18 tona an heicteáir de dhé-ocsaíd charbóin ón aer in aghaidh na bliana. Meastar go ndéantar 10-15% den charbón a leithlisiú san ithir, agus go mbaineann tairbhe dearfach comhshaoil leis.

- Is measúnú ar an eolas reatha maidir le hathrú aeráide agus na tionchair a bhfuiltear ag súil leis d'Éirinn atá sa tuarascáil Achoimre ar Staid an Eolais maidir le hIarmhairtí Athrú Aeráide ar Éirinn. Soláthraítear inti measúnú ardleibhéil ar na tionchair fhéideartha ar phríomhearnálacha eacnamaíocha agus sóisialta in Éirinn agus aithnítear roinnt roghanna oiriúnaithe agus bearnaí san eolas. Taispeántar sa tuarascáil gur tháinig méadú 0.4°C ar theocht an aeir idir 1980-2008; méadú suntasach sa bháisteach iomlán sa Tuaisceart agus san Iarthar; laghdú breathnaithe i minicíocht stoirmeacha ach go bhfuil méadú tagtha ar a ndéine. Beidh pleanáil agus gníomhartha oiriúnaithe ag teastáil chun drochthionchar an athraithe aeráide a sheachaint agus chun leas a bhaint as deiseanna ar bith a thiocfaidh chun cinn.
- Rinneadh dul chun cinn ar anailís ar roghanna maolaithe astuithe gháis cheaptha teasa eile in 2009, lena n-áirítear measúnú ar an bhféidearthacht a bhaineann le Stóráil Gheolaíoch a dhéanamh ar CO_2 in áiteanna straitéiseacha in Éirinn. Cuirfear tuarascáil ar an measúnú seo ar fáil in 2010.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Rinneadh nuashonrú ar na leathanaigh gréasáin a bhaineann le hathrú aeráide agus tá ceisteanna coitianta maidir le hathrú aeráide le fáil ann anois, chomh maith le torthaí an taighde is déanaí ó thionscadail a ndéanann an EPA maoiniú orthu; faisnéis cothrom le dáta ó idirbheartaíochtaí aeráide idirnáisiúnta; naisc le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá ag obair ar athrú aeráide agus uirlisí chun carbóin a áireamh le húsáid go pearsanta agus ag gnóthais. Tabhair cuairt ar: www.epa.ie/whatwedo/climate/
- Tá leabhrán curtha ar fáil ag an EPA freisin, An EPA agus Athrú Aeráide a léiríonn róil agus freagrachtaí an EPA sa chomhrac in aghaidh athrú aeráide.
- Lean sraith léachtaí poiblí an EPA maidir le hAthrú Aeráide ar aghaidh in 2009, le dhá léacht bhreise ag plé le ról na bPortach Móna agus na hEolaíochta Aeráide i leith Athrú Aeráide.
- Eagrófar léachtaí eile in 2010.

2. AER GLAN

SPRIOC 2020

Beidh ár gcuid aeir sláintiúil agus glan. Bainfidh Éire amach na spriocanna idirnáisiúnta agus náisiúnta uile maidir le hastuithe san atmaisféar.

CÁILÍOCHT AEIR

- Fuarthas sa tuarascáil Caighdeán an Aeir in Éirinn 2008 – Príomhtháscairí maidir le Caighdeán an Aeir Thimpeallaigh go raibh caighdeán an aeir go maith ag gach stáisiún monatóireachta, ag cloí le gach caighdeán de chuid an AE. Sna cathracha, is iad na hastuithe ó thrácht is mó atá ina mbagairt ar chaighdeáin an aeir agus sna bailte níos lú, tá astuithe arda ann mar gheall go bhfuiltear ag baint úsáide fós as gual biotúmanach.
- Léiríonn an graf (lch. 20) seo treochtaí i gcomhchruinniú PM_{10} i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus ag láthair faoin tuath taobh amuigh de Dhroichead Átha idir 2004 agus 2008.

AN LÍONRA MONATÓIREACHTA AEIR

- Tháinig reachtaíocht nua an AE a bhaineann le monatóireacht ar arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin aramatacha iltimtriallacha san aer timpeallach i bhfeidhm in 2009.
- I measc na suíomhanna monatóireachta aeir nua in 2009 bhí an Rinn agus Cnocán na Rós, Co. Bhaile Átha Cliath, Inis, Co. an Chláir agus Droichead Nua, Co. Chill Dara.
- Bunaíodh trí shuíomh PM2.5 nua (áit a bhfuil leibhéal na PM níos lú ná 2.5 miocrón i méid) i mBaile Átha Cliath chun cloí le riachtanais Threoir 2008 ón AE maidir le caighdeán an aeir timpeallaigh agus an aeir ghlan don Eoraip.
- Léiríonn an léarscáil thíos suíomh na láithreán monatóireachta reatha.



Suíomhanna Náisiúnta um Cháilíocht Aeir



FIGIÚR 2: Graf Tiúchan PM_{10} agus Graf ar Cháilíocht Aeir Náisiúnta

AN TREOIR UM THORANN TIMPEALLACHTA

- Chomhlíon an EPA a dualgais tuairiscithe faoin Treoir um Thorann trí na tuarascálacha agus na sonraí a bhí ag gabháil leo a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, ag úsáid Reportnet.
- Sula raibh orthu na riachtanais Mapála Torainn don bhliain 2012 a chomhlíonadh, scaip an EPA doiciméid treorach maidir le Mapáil Torainn agus Pleanáil Gnímh araon le gach údarás áitiúil agus Comhlacht Mapála Torainn ag tabhairt sonraí faoin gcaoi ar chóir tabhairt faoin bpróiseas seo.

FORFHEIDHMIÚ AEIR

- Rinne an tAonad Forfheidhmithe Aeir san Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil Scéim Formhuinithe Teicniúil beartaithe a fhorbairt, a bhfuil sé mar aidhm aici caighdeán na dtorthaí monatóireachta a fhaigheann an EPA ó cheadúnaithe a fheabhsú agus a chaighdeánú. Cuireadh an scéim bheartaithe i láthair do cheadúnaithe, do Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) agus do chonraitheoirí monatóireachta ag ceardlann i mí na Samhna.

SUBSTAINTÍ ÍDITHE ÓZÓIN, DÉFHEINILÍ POLACLÓIRÍNITHE (PCBanna) AGUS TRUAILLEÁIN ORGÁNACHA MHARTHANACHA (POPanna)

- Cuireadh suirbhé náisiúnta do PCBanna agus fardal POPanna i gcrích. Ag leanúint ón obair fardail seo, cuireadh tús le Dréachtphlean um Chur i bhFeidhm Náisiúnta POPanna a fhorbairt.

REACH (SUBSTAINTÍ CEIMICEACHA A CHLÁRÚ, A LUACHÁIL, A ÚDARÚ AGUS A SRIANADH)

- Rinne an EPA agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) Meabhrán Tuisceana maidir le réimsí freagrachta frithpháirtí agus comhleasa i leith fheidhmiú agus fhorfheidhmiú an Rialúcháin REACH.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- Rinneadh modheolaíochtaí a fhorbairt leis an tionscadal taighde *Gabháil Sonraí agus Teicnicí Léirithe ag tacú le Treoir um Thorann Timpeallachta* an AE chun na sonraí a chruthú atá de dhíth le samhaltú torainn cruinn a dhéanamh i dtimpeallachtaí bóthair.
- Rinneadh tuairisciú sa tuarascáil *Fócas ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil* ar na fothorthaí ó thionscadal taighde a raibh TCD i gceannas air, ar forbraíodh samhail Innéacs Astuithe Comhshaoil (EEI) ann. Díríodh sa taighde ar an earnáil cógaisíochta-ceimiceáin, agus tugadh le fios de réir an taighde gurbh é ceadúnú comhtháite an príomhghníomhaí maidir le truailliú a sheachaint, agus go raibh sé freagrach as 50% den tseachaint ó thaobh truailliú an aeir. Measadh go ndearnadh truailliú a laghdú 35% le ceadúnú comhtháite, agus astuithe aonair a laghdú idir 8% (cáithnínigh iomlán) agus 49% (dé-ocsaíd sulfair) i gcomparáid le hastuithe hipitéiseacha 'gan fheabhsú'.
- Tá roinnt tionscadail leanúnacha maidir le caighdeán aeir a dtugtar maoiniú dóibh faoi cholún Comhshaoil agus Sláinte an chláir STRIVE a dhéileálann le truailliú aeir laistigh, caighdeán aeir i gcalafoirt agus suíomhanna uirbeacha.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Leanadh le monatóireacht fíor-ama ar chaighdeán an aeir i roinnt ionad difriúil in Éirinn, mar chuid den mheasúnú cuimsitheach leanúnach ar chaighdeán an aeir ar fud na tíre.
- Foilsíodh tuarascáil ar leibhéil dé-ocsaine sa chomhshaol in Éirinn (bunaithe ar na leibhéil i mbainne na mbó i suirbhé in 2008). Taispeánadh sa tuarascáil seo go raibh leibhéil i bhfad faoi bhun theorainn ábhartha an AE i ngach ceann.

3. ACMHAINNÍ UISCE COSANTA

SPRIOC 2020

Ní ídeofar ár n-uisce dromchla ná ár screamhuisce agus beidh sé ar cháilíocht ard, ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta uile.

CÁILÍOCHT AN UISCE

Taispeánadh an méid seo a leanas leis na príomhthorthaí ón tuarascáil ar cháilíocht an uisce in Éirinn, Cáilíocht Uisce in Éirinn 2007–2008 – Príomhtháscairí na Timpeallachta Uiscí:

- Bhí cáilíocht uisce shásúil i 70% d'fhad na gcainéal aibhneacha agus i 90.4% den achar lochanna a ndearnadh scrúdú orthu;
- Tá titim beagnach faoi dhó tagtha ar líon na láithreacha abhann ar cháilíocht éiceolaíochta ard ón mbliain 1987 i leith, ó thart ar 30 faoin gcéad den líon iomlán a sampláladh sa tréimhse 1987-1990 go níos lú ná 17% faoi láthair;
- Rangaíodh 84% de na hinbhir agus de na dobharlaigh limistéir chósta a scrúdaíodh mar cinn neamhthruaillithe nó go raibh bail idirmheánach orthu;
- Bhí 34% de na samplaí screamhuisce uile agus beagnach seacht as gach deich n-ionad samplála screamhuisce éillithe ag bachaillíní drólannacha faecacha, agus sháraigh comhchruinnithe níotráite an mheántairseach bhliantúil chomhchruinnithe níotráite ag beagnach 10% de na hionaid samplála;

- Rangaíodh stádas 49% de dhobharlaigh abhann; 57% den achar dromchla dhobharlaigh locha agus 59.4% de dhobharlaigh trasdultacha agus an chósta mar cinn le stádas ard nó maith ag baint úsáide as scéimeanna Rangaithe fairsinge na Creat-Treorach Uisce.
- Rinneadh taifead ar 22 agus 34 slad ar éisc faoi seach in 2007 agus in 2008.

AN CHREAT-TREOIR UISCE (WFD)

- D'eisigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil Rialacháin maidir leis na córais rangaithe bitheolaíochta agus na caighdeáin fhisicheimiceacha agus cheimiceacha le haghaidh uisce dromchla in 2009, bunaithe ar mholtaí a thug an EPA.
- Chuir an EPA measúnú eatramhach stádais i gcrích do gach catagóir uisce agus cuireadh iad seo chuig gach Ceantar Abhantraí chun críche cuspóirí a shocrú dá bpleananna bainistíochta deiridh.
- Cuireadh measúnú ar gach ceann de dhréacht-phleananna bainistíochta na gCeantar Abhantraí i gcrích agus eisíodh leis na Ceantair Abhantraí iad.

AN CLÁR HIDRIMÉADRACH

Chabhraigh trealamh fuaimiúil Doppler nua agus coraí nua a cuireadh isteach i Loch Garman, Cill Dara agus Dún na nGall chun monatóireacht a dhéanamh ar shreabhadh aibhneacha. Rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt limistéar údarás áitiúil trí fheabhsúchán a dhéanamh ar shláinte agus ar shábháilteacht na stáisiún hidriméadrach.

- Ba phríomhthosaíocht don EPA in 2009 neamh-ghéilliúntas le Caighdeáin um Uisce Óil a laghdú.
- Thug an EPA faoi 124 iniúchadh ar sholáthar an uisce óil agus seirbheáladh 28 treoir ar naoi n-údarás áitiúla dhifriúla maidir le ceisteanna a bhain le huisce óil.
- Ag deireadh 2009 bhí 301 soláthar ar an Liosta Beart Leasúcháin, gníomhaí a spreagann go suntasach infheistíocht i mbonneagar an uisce óil.
- Ullmhaíodh tuarascáil le haghaidh an Choimisiún Eorpaigh maidir leis an ngéilliúntas don chaighdeán *E. coli*. Bhí 82 comhad imscrúdaithe *E. coli* ar oscailt in 2009.
- Ag deireadh 2009 bhí fógra fiuchta uisce i bhfeidhm i leith 19 soláthar uisce poiblí. Gearradh 7 gcinn de na fógraí fiuchta uisce seo i rith na bliana 2009.
- Cuireadh amach 6 nóta faisnéise maidir le huisce óil chuig gach údarás áitiúil i rith na bliana, agus foilsíodh ar láithreán gréasáin an EPA iad. Bhain na nótaí le monatóireacht ar ghéilliúntas luaidhe, píopaí agus pluiméireacht luaidhe, *E. coli*, fotháirgí dífhabhtaithe, moirtiúlacht agus seirbhísí poiblí uisce a raibh tionchar ag tuilte orthu a chur ar ais.
- Seoladh dhá leabhrán treorach breise chuig gach údarás áitiúil i rith na bliana maidir leis an Liosta Beart Leasúcháin don soláthar uisce poiblí agus maidir le tuairisceáin faoi uisce óil.
- Tugadh faoi deara sa tuarascáil maidir le caighdeán agus soláthar an uisce óil in Éirinn, Soláthar agus Cáilíocht Uisce Óil in Éirinn do na blianta 2007-2008, go ndearnadh go leor feabhsúchán ó thaobh shábháilteacht agus shláine an tsoláthair. Bhí roinnt ábhar imní ann mar sin féin, lena n-áirítear:
  - éillíodh níos mó ná 31% de na grúpscéimeanna uisce príobháideacha uair amháin ar a laghad i rith 2007.
  - cuireadh fógraí fiuchta uisce nó srianta lena úsáid i bhfeidhm i gcás 53 soláthar in 2008.
  - bhí ráta íseal géilliúntais ann i gcónaí maidir le roinnt táscairí paraiméadracha go mór mór i gcás géilliúntas do na luachanna paraiméadracha moirtiúlachta agus alúmanaim.
  - beidh dúshlán mór i gceist chun cloí le caighdeáin níos déine amach anseo (m.sh. caighdeán luaidhe níos déine in 2013).



FIGIÚR 3: Cáilíocht Uisce Abhann 2006-2008

- Taispeánadh sa tuarascáil, *Tuarascáil um Scaoileadh Fuíolluisce Uirbigh 2006-2007,* go bhfuil infheistíocht leanúnach ag teastáil i gcóireáil fuíolluisce, chomh maith le feabhsúchán mór i gcás na n-údarás áitiúil maidir le feidhmiú agus monatóireacht ar an mbonneagar cóireála fuíolluisce atá ann cheana féin.

SCREAMHUISCE

- Cuireadh an t-uasghrádú ar an líonra monatóireachta screamhuisce náisiúnta i gcrích. Cuireadh isteach 61 tobar agus 27 córas chun sreabhadh a thomhas, coraí ar fhuaráin den chuid is mó.
- Rinneadh criosanna a rianú thart timpeall formhór na bpointí monatóireachta don cháilíocht screamhuisce faoin limistéar talún a chuireann uisce ar fáil don phointe sin, rud a chuireann le luacháil a dhéanamh ar na sonraí agus le cosaint na bhfoinsí.

Tugadh treoir maidir le criosanna ina ndéanfar leathadh aoiligh a chosc iontu a rianú agus tugadh cúnamh chun Treoir na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le Bogaigh Chomhtháite Thógtha a ullmhú.

CÁILÍOCHT AN UISCE SNÁMHA

Eisíodh *Tuarascáil ar Cháilíocht an Uisce Snámha* i mí na Bealtaine 2008;

- chomhlíon 93% de na suíomhanna snámha ainmnithe Caighdeáin Éigeantach íosta an AE, le stádas dóthanach maidir le cáilíocht an uisce. Ba thitim ceithre faoin gcéad é seo ó 97% in 2007.
- Bhain 78% de na ceantair snámha an caighdeán níos fearr amach, stádas maith, laghdú 2% ón mbliain 2007.
- Sheol an EPA láithreán gréasáin nua ar líne maidir le cáilíocht an uisce snámha, "Splash", atá ar fáil ag www.bathingwater.ie, chun faisnéis atá "beagnach i bhfíor-am" a thabhairt maidir le cáilíocht uisce agus ceisteanna eile chun leasa an phobail.
- Chomh maith leis sin, tá píosa faoin "Caighdeán Bliantúil" ar an láithreán gréasáin a thugann faisnéis faoin ngéilliúntas foriomlán maidir le gach suíomh snámha ón mbliain 2003 i leith.

BAINISTÍOCHT AR SHONRAÍ COMHSHAOIL

- Rinne an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN) níos mó ná 1,000 uaslódáil leictreonach sonraí a phróiseáil, comhdhéanta de níos mó ná 31,000 sampla uisce ó údaráis áitiúla agus eagraíochtaí náisiúnta lena n-áirítear an EPA.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- Rinneadh foilseachán athbhreithnithe piaraí a fhoilsiú a leag béim ar ról tábhachtach an taighde a ndéanann an EPA maoiniú air maidir leis an WFD a chur i bhfeidhm in Éirinn.
- Rinneadh imscrúdú i tuarascáil taighde shuntasach ar mhaolú na dtruailleán ceimiceach agus micribhitheolaíoch san fhuíolluisce trí fho-ithir a dhéanann uisce a shíothlú cuibheasach tapa agus trí chórais chóireála giolcarnaí freisin. Cuimsíodh na torthaí ón

Léarscáil d'uisce snámha in Éirinn 2008

taighde seo in EPA Code of Practice on Wastewater Treatment for Single Houses (Cód Cleachtais an EPA maidir le Cóireáil Fuíolluisce do Thithe Aonair) a foilsíodh le déanaí.

- Bhunaigh an EPA, i gcomhar le OÉ, Gaillimh agus Comhairle Contae na Gaillimhe, saoráid cóireála fuíolluisce den scoth i dTuaim, Co. na Gaillimhe. Tá féidearthachtaí suntasacha chun taighde nuálaíoch a dhéanamh sa tsaoráid maidir le teicneolaíochtaí comhshaoil úrnua a fhorbairt agus a thástáil.
- Rinne an EPA agus Foras na Mara trí thuarascáil a chomhfhoilsiú maidir le hArd-Teicneolaíochtaí le haghaidh Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce mar chuid de chlár nuálaíoch taighde ar theicneolaíochtaí comhshaoil mar thacaíocht don Chreat-Treoir Uisce. Cuirfear taca faoin nGeilleagar Cliste Glas leis.
- Chuaigh an EPA i mbun comhoibrithe le gníomhaireachtaí comhshaoil eile sa RA le cómhaoiniú a dhéanamh ar thionscadail taighde a bhfuil sé mar aidhm acu tacaíocht a thabhairt chun an WFD a chur i bhfeidhm sa tionscnamh SNIFFER (Fóram na hAlban agus Thuaisceart Éireann i gcomhair Taighde Comhshaoil).

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- D'óstáil an EPA comhdháil náisiúnta maidir le huisce óil i mí an Mheithimh. D'fhreastail níos mó ná 350 ionadaí ó 70 eagraíocht. Leagadh béim i mbliana ar mhonatóireacht, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na reachtaíochta a bhaineann le huisce a dhéanamh níos fearr chun ár n-acmhainní uisce a chosaint agus a fheabhsú.

4. ITHIR AGUS BITHÉAGSÚLACHT CHOSANTA

SPRIOC 2020

Cosnófar ithir na hÉireann ó éilliú agus ó chailliúint agus tacóidh sé le plandaí agus ainmhithe spleácha. Cosnófar agus bainisteofar ár mbithéagsúlacht le haghaidh na nglún amach romhainn.

AN TIONSCADAL ISIS (CÓRAS FAISNÉISE ITHREACH NA hÉIREANN/IRISH SOIL INFORMATION SYSTEM)

- Tá sé mar aidhm ag an tionscadal ISIS léarscáil dhigiteach ithreach a chruthú d'Éirinn go léir ag scála 1:250,000 chomh maith le Córas Faisnéise Ithreach a sholáthar, a thabharfaidh faisnéis dhigiteach atá ar fáil go poiblí maidir le hithreacha. Beidh leas ollmhór d'ithreacha amach anseo mar thoradh ag an tionscadal ISIS. Trí úsáid bhreise a bhaint as teicníochtaí saothair allamuigh, cuirfidh an tionscadal sonraí téamacha le chéile maidir le hithreacha na hÉireann, sonraí a bhí go mór in easnamh go nuige seo.

BUNACHAR SONRAÍ NÁISIÚNTA ITHREACHA

- Rinneadh comhéadan idirghníomhach léarscáile GIS a fhorbairt ionas gur féidir féachaint ar na sonraí ar fad a tiomsaíodh i rith na bhfeachtas samplála don Bhunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha. Tá níos mó faisnéise ar fáil ag: http://erc.epa.ie/nsdb.

AN TIONSCADAL CARBÓIN ORGÁNAIGH IN ITHREACHA

- Rinne an tionscadal Carbóin Orgánaigh in Ithreacha, a raibh UCC i gceannas air, stoic carbóin in ithreacha agus athruithe ar an stoc a thomhas agus a shamhaltú i líon ionadaíoch d'ithreacha na hÉireann. Tá ról ag an taighde seo maidir le lucht déanta

Dúichí agus Láithreáin Mianach an Tionscadail HMS-IRC a Imscrúdaíodh

1 Baile na Mainistreach
2 Na hAilichí
3 Abhóca
4 Baile Mhic Fheorais
5 Binn Ghulbain
6 Bun Machan
7 Caim
8 Fosfáit an Chláir
9 Pb an Chláir
10 Gualcheantar Chonnacht
11 Conamara
12 Pb Dhún na nGall
13 Talc Dhún na nGall
14 Gleann Dá Loch-Gleann Dasáin
15 Gleann Molúra
16 Gort Druma
17 Slinn Chill Dalua
18 Gualcheantar Laighin
19 Pb Mhuineacháin
20 Gualcheantar na Mumhan
21 An Cnoc Rua
22 Oileán an Rois
23 Béal Átha Gabhann
24 Gualcheantar Shliabh Ardach
25 Cu Thiobraid Árann Bhig
26 Tíne
27 Cu-Ba Iarthar Chorcaí



beartais agus páirtithe leasmhara a stiúradh chun bainistíocht inbhuanaithe ar thailte na hÉireann a fheabhsú ó thaobh bainistíocht carbóin de. Tá an tuarascáil ar fáil le híoslódáil ag: http://www.epa.ie/downloads/pubs/research/land/.

- Cuireadh an tionscadal, *Tionscadal um Láithreáin Mianach Stairiúla – Fardal agus Rangú Riosca* i gcrích i dtreo dheireadh 2009, agus seolfar é sa chéad Ráithe de 2010. Ba thionscadal ilghníomhaireachta i bhí i gceist anseo idir an EPA agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Rannóg Taiscéalaíochta agus Mianadóireachta). Chuir an tionscadal an fardal is cuimsithí riamh ar láithreáin mianach stairiúla in Éirinn ar fáil.

LÁITHREÁIN DIÚSCARTHA DRAMHAÍOLA NEAMHRIALAITHE

- D'fhoilsigh an EPA Cód cleachtais maidir le Measúnú Riosca Comhshaoil a dhéanamh i gcás Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe d'Údaráis Áitiúla le cabhrú leo a láithreáin dramhaíola neamhrialaithe a aithint agus a mheas. I mí na Nollag 2008 d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Gníomhaíocht Stairiúil Neamhcheadúnaithe Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola a Dheimhniú). Ceanglaíodh ar Údaráis Áitiúla de réir na Rialachán seo gach "líonadh talún dúnta" a chlárú faoin 30 Meitheamh 2009 agus go ndéanfadh an EPA é sin a éascú do na hÚdaráis Áitiúla trí fhoirm agus leagan amach an chláir a chur ar fáil. Tugtar Clár Alt 22 ar an gclár seo. Chuir an EPA uirlis Gréasáin le Clár Alt 22 a chuir ar chumas an úsáideora measúnú riosca deisce a chomhlánú go huathoibríoch tar éis dó suirbhé trí láithreán a shiúl a chur i gcrích.

CLÚDACH TALÚN - CORINE

- Le linn 2009, rinne an EPA nuashonrú ar an léarscáil clúdaigh talún/úsáide talún in Éirinn mar chuid de thionscnamh Chlúdach Talún Corine na hEorpa. Tá an tacar sonraí CORINE nuashonraithe ar fáil ar amharcóir léarscáileanna ENVision an EPA.

TALAMH ÉILLITHE

- Bunaíodh Aonad um Dhliteanas Comhshaoil laistigh den EPA chun déileáil le cúrsaí a eascraíonn as na Rialúcháin um Dhliteanas Comhshaoil. Tháinig na Rialacháin CE (Dliteanas Comhshaoil) 2008, I.R. Uimh. 547 de 2008 i bhfeidhm in 2009, agus is í an EPA an comhlacht inniúil chun na rialacháin seo a fhorfheidhmiú. Tá sé mar aidhm ag an Treoir damáiste comhshaoil a chosc agus a leasú. Is é ceann de na príomhiarmhairtí a bheidh ag an treoir seo ná an prionsabal íoc mar a thruaillítear a neartú. Beidh tionchar mór aige seo ar thalamh éillithe in Éirinn.

BITHÉAGSÚLACHT

D'ullmhaigh an EPA *Plean Gnímh Bithéagsúlachta* in 2009, atá le foilsiú in 2010. Leagann an plean seo amach gníomhartha ar leith a thabharfaidh an EPA fúthu chun a ról maidir le bithéagsúlacht a chosaint a chur i bhfeidhm. Clúdaíonn an plean raon leathan gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas: monatóireacht, taighde, measúnú agus tuairisciú, rialáil comhshaoil, athrú aeráide agus bainistíocht agus cumarsáid.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

ITHREACHA

- Leanadh ar aghaidh leis an obair ag cur leis an gCartlann agus leis an mBunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha. Rinneadh obair bhreise ar thionscadal ar an mbunachar shonraí ithreacha agus i measc na bpríomhthorthaí a bheidh air tá léarscáil ithreacha na hÉireann ar scála 1:250,000 agus Córas Faisnéise Ithreach gaolmhar.
- Eagraíodh ceardlann idirnáisiúnta mar chuid de thionscadal mórscála faoi bhithéagsúlacht ithreacha na hÉireann. Ba é an EPA a chuir maoiniú ar fáil don tionscadal agus bhí breis agus 70 de na príomhpháirtithe leasmhara i láthair.

BITHÉAGSÚLACHT

- Léiríodh i dtuarascáil an tionscadail thaighde Ag-Biota go bhfuil an-laghdú déanta ar fhlúirse agus ar éagsúlacht beach, éan agus speiceas eile feithidí agus plandaí de bharr athruithe sna cleachtais feirmeoireachta in Éirinn. Cuireadh na torthaí sin os comhair eolaithe, lucht déanta beartas agus páirtithe leasmhara eile ag comhdháil speisialta i mBaile Átha Cliath Dé hAoine 27 Márta.
- Mar thoradh ar an tionscadal taighde *Biochange* cuireadh an fhaisnéis riachtanach ar fáil chun éagsúlacht flóra agus fána na hÉireann a chosaint agus díríodh ar shaincheisteanna tábhachtacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn maidir le bithéagsúlacht na hÉireann.
- D'oibrigh an EPA go dlúth leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun an Clár Náisiúnta um Taighde Bithéagsúlachta a athbhunú le go mbeidh sé níos fusa taighde a dhéanamh ar bhithéagsúlacht in Éirinn.

5. ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ

SPRIOC 2020

Is é an sprioc tríd is tríd úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní (uisce, fuinneamh agus ábhair). Cuirfear cosc ar dhramhaíl agus íoslaghdófar í, agus baileofar, athchúrsálfar nó aisghabhfar an chuid eile di. Déanfar an diúscairt deiridh ar bhealach nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC AR DHRAMHAÍL

Foilsíodh cúigiú tuarascáil bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Tugtar léargas cuimsitheach inti ar ghníomhaíochtaí i rith 2008 agus 2009 agus is féidir í a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie.

I MEASC NA mBUAICPHOINTÍ:

- Tá dámhachtainí um Fháilteachas Glas faighte ag 81 óstán anois, agus tá cuid de na hionaid fáilteachais is mó agus is iomráití sa tír ina measc.
- Cuireadh bailchríoch rathúil ar Chlár Taispeántais na nÚdarás Áitiúil maidir leis an gCosc agus bunaíodh Líonra na nÚdarás Áitiúil maidir leis an gCosc chun go mbeifear in ann tionscadail um chosc a chur ar fáil ar fud na tíre.
- Tá breis agus 230 cuideachta cláraithe ar an láithreán greenbusiness.ie a thairgeann iniúchadh ar éifeachtacht úsáid acmhainní, agus uirlisí chun measúnú a dhéanamh ar uisce mar aon le líne chabhrach agus tacaíocht rúnda saor in aisce ó shainchomhairleoirí.
- Seoladh an leabhrán Deireadh le Dramhaíl: treoir i gcomhair úinéirí tithe tábhairne i dtreo bonn costais níos lú agus níos glaise le cabhrú le húinéirí tithe tábhairne a gcuid costais a laghdú agus caitheamh níos fearr leis an gcomhshaol.

- Earcaíodh 9,000 teaghlach breise chun páirt a ghlacadh i gClár na dTithe Glasa le cosc a chur ar dhramhaíl, fuinneamh agus uisce a spáráil, agus múiríniú agus athchúrsáil a dhéanamh.
- Cuireadh tús le tionscadal nua chun dramhaíl bhia a chosc agus múiríniú baile a dhéanamh.

TIONSCNAIMH MAIDIR LE FREAGRACHT AR AN TÁIRGEOIR; Na Rialacháin um Dhramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) agus Ceallraí

- D'éirigh le dhá chás a tógadh sa Chúirt Dúiche i gcoinne táirgeoirí neamhghéilliúla.
- Bunaíodh leathanach gréasáin ag www.batteries-enforcement.ie le cabhrú chun treoir a thabhairt do pháirtithe leasmhara áirithe faoi na Rialacháin nua maidir le Ceallraí.

RIALACHÁIN PHACÁISTÍOCHTA

- Tá aghaidh á thabhairt ar na bunriachtanais maidir le substaintí guaiseacha srianta i bpacáistíocht trí fhorbairt an láithreáin ghréasáin www.preventandsave.ie mar chuid den Chlár um Chosc na Pacáistíochta.

COMHÁBHAIR GHUAISEACHA A LAGHDÚ

Eisíodh treoir do chuideachta amháin maidir le bréagán baolach a athghlao agus leanadh den chaingean sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt.

TUAIRISCIÚ NÁISIÚNTA DRAMHAÍOLA

- Léiríodh sa *Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2008* go bhfuil dul chun cinn breá déanta ag Éirinn maidir le baint amach formhór spriocanna an AE a bhaineann le haisghabháil agus le hathchúrsáil dramhaíola. Moladh sa tuarascáil, áfach, go ndéanfaí iarracht leanúnach chun nach seolfaí dramhaíl in-bhithmhillte go láithreáin líonta talún agus go gcuirfí cosc le dramhaíl a eascraíonn ó gach earnáil sa tír.
- Foilsíodh leagan athbhreithnithe den Phlean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach agus Ráiteas um Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) in 2008. Beidh an EPA chun tosaigh maidir le cuid mhór de mholtaí an Phlean a chur i bhfeidhm, nó cur ina luí ar dhaoine eile iad a chur i bhfeidhm, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán an phlean i gcomhairle leis an gCoiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Leagtar amach sa phlean na fíricí maidir le heascairtí dramhaíola guaisí agus na cleachtais reatha chun iad a bhainistiú. Déantar moltaí i ndáil le feabhsuithe a dhéanamh maidir le cosc a chur ar dhramhaíl ghuaiseach; rátaí bailiúcháin a fheabhsú chomh maith le breis neamhthuilleamaíochta maidir le dramhaíl ghuaiseach a chóireáil agus a dhiúscairt ar bhealach atá slán ó thaobh an chomhshaoil de.

SEACHTAIN NA hEORPA UM LAGHDÚ DRAMHAÍOLA

Bhí Seachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola ar siúl den chéad uair riamh in 2009. D'eagraigh eagraíochtaí éagsúla réimse gníomhaíochtaí chun aird a dhíriú ar chleachtais laghdaithe dramhaíola agus ar tháirgeadh agus ar thomhaltas níos inbhuanaithe, agus rinne An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) comhordú orthu.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- Dírítear aird sa tuarascáil *Nuálaíocht i gcomhair Geilleagair Ghlais – Comhshaol agus Teicneolaíocht: Scéal ina raibh an bua ag gach taobh* ar thionchar thacaíocht an EPA le taighde agus le nuálaíocht agus a mhinice is a éiríonn léi. Tá an infheistiú seo ag dul chun tairbhe na heacnamaíochta i gcoitinne de thoradh rudaí mar phatainní, comhaontaithe faoi cheadúnais, agus i gcás amháin, bunaíodh cuideachta nua mar thoradh air.
- D'iarr an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) ar an EPA an tuarascáil a chur i láthair ag an bhFóram Domhanda Éicea-Nuálaíochta a bhí ar siúl le déanaí i bPáras.
- Léiríodh sa tionscadal taighde a rinne Ballymun Regeneration Ltd., a fuair maoiniú ón EPA, go bhféadfadh tairbhí suntasacha sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta a bheith ag an múiríniú a dhéanfadh pobal cathrach.
- Rinneadh scrúdú i roinnt tionscadal a fuair maoiniú ón EPA ar shaincheisteanna maidir le bainistiú dramhaíola. Ina measc bhí tionscadail faoi chóireáil mheicniúil bhitheolaíoch, faoi tháillí íoc-mar-a -úsáidtear chun dramhaíl a bhailiú, faoi mhaothú dramhaíola bia, faoi bhainistiú dhramhaíola orgánaigh in árasáin agus ceann faoi Chaighdeán Múirín a cheapfadh Lucht an Tionscail.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Rinne an EPA óstáil ar Chomhdháil faoi Fhorfheidhmiú Dlíthe Náisiúnta Dramhaíola.
- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl 2008-2009.

6. COMHTHÁTHÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

SPRIOC 2020

Beidh gnéithe comhshaoil ag croílár ceaptha beartas agus déanta cinntí. Beidh iompraíocht chomhshaoil fhreagrach ina gnáthiompraíocht thar gach earnáil den tsochaí agus gearrfar pionóis ar aon duine nach gcomhlíonann na dlíthe comhshaoil.

FÓCAS AR FHORFHEIDHMIÚ COMHSHAOIL: TUARASCÁIL 2006 – 2008

- Léiríodh sa tuarascáil *Fócas ar Fhorfheidhmiú Comhshaoil in Éirinn* méadú ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin ar aon dul leis an reachtaíocht bhreise. Rinne Oifigigh Chomhshaoil 130,000 imscrúdú, 10,000 beart forfheidhmithe agus thionscain siad 750 ionchúiseamh. Léiríodh sa tuarascáil gur tháinig laghdú ar líon na ngearán faoi thionscail mhóra agus faoi ionaid aistrithe dramhaíola ach gur dhúblaigh méid na ngearán a rinneadh faoin mbréantas ó láithreáin líonta talún. Tháinig laghdú ó 39 go 29 ar líon na stáisiún abhann atá truaillithe go dona. Tháinig laghdú 59% ar astuithe truaillithe aeir ón earnáil chógaisíochta/ceimiceán agus tharla laghdú freisin ar astuithe den sórt ón earnáil fuinnimh.

CEADÚNÚ UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ (CRCT)

In 2009:

- Eisíodh 55 ceadúnas CRCT agus diúltaíodh do 7 n-iarratas ar cheadúnais (muclaigh).
- Eisíodh 47 Cinneadh Beartaithe.
- Rinneadh Leasuithe Teicniúla ar 95 ceadúnas faoi réir na rialachán ceadúnaithe.

- Tá 18 Nóta treorach faoi na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil (BAT) in Earnáil CRCT foilsithe agus ar fáil anois ar láithreán gréasáin an EPA.
- Fuarthas 359 iarratas faoi Alt 11 le fáil amach an mbeadh Cead nó Ceadúnas Dramhaíola ag teastáil i gcomhair na saoráidí.

CEADÚNÚ DRAMHAÍOLA

In 2009:

- Cheadaigh an EPA ceadúnais nua nó leasaithe i gcomhair: 11 ionad líonta talún; 3 stáisiún aistrithe dramhaíola; 2 shaoráid aisghabhála ithreach; 1 saoráid chomhtháite amháin um bainistiú dramhaíola agus 2 shaoráid mhúirínithe.
- Eisíodh 30 Cinneadh Beartaithe.
- Rinneadh Leasuithe Teicniúla ar 11 cheadúnas faoi réir na rialachán ceadúnaithe.
- Thionóil an EPA Éisteacht ó Bhéal ar iarratas Chomhairle Contae Fhine Gall ar láithreán líonta talún beartaithe i Neimhead, Lusca, Contae Bhaile Átha Cliath. Níor eisíodh cinneadh ar an iarratas go fóill.

GÉILLIÚNTAS DON TREOIR UM LÍONADH TALÚN

- Foilsíodh doiciméad treorach faoi réamhchóireáil dramhaíola iarmharaí: *Dramhaíl Sholadach an Cheantair Uirbigh – Réamhchoireáil dramhaíola iarmharaí.*
- Rinneadh athbhreithniú ar 25 ceadúnas líonta talún agus eisíodh 25 cinneadh molta i mí Dheireadh Fómhair 2009.
- Rinneadh agóidí faoi 15 Chinneadh Mholta agus ullmhófar tuarascálacha an Choiste Theicniúil le cur faoi bhráid Bhord an EPA.
- Eisíodh cinntí deireanacha faoi 10 gceadúnas nach ndearnadh aon agóid fúthu.

CEADÚNÚ FUÍOLLUISCE

- Fuarthas 304 iarratas ar cheadúnais fuíolluisce in 2009.
- Eisíodh 49 ceadúnas um scaoileadh fuíolluisce (WWDL).
- Fuarthas 174 iarratas ar Theastais Údaraithe i gcomhair ceirtleán a bhfuil coibhéis níos lú ná 500 duine iontu. Tá na hiarratais sin á bpróiseáil faoi láthair.

TEASTAIS CHLÁRAITHE

- D'eisigh an EPA 25 Teastas Cláraithe in 2009 i gcomhair saoráidí aisghabhála dramhaíola de chuid na n-údarás áitiúil a mheastar gur beag an baol don comhshaol iad.

COMHDHÚILE ORGÁNACHA LUAINEACHA (COL)

- Úsáideann an EPA próiseas ceada chun na gníomhaíochtaí seo a rialú. Déanfar athbhreithniú ar na ceadanna go léir in 2010.

ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE (GMO)

FAOI DHEIREADH 2009:

- Bhí 349 iontráil déanta ar chlár na n-úsáideoirí GMO in Éirinn.
- Tugadh 44 Toiliú maidir le húsáid shrianta GMOanna.

	Ceadúnais CRCT	Ceadúnais Dramhaíola	Ceadúnais Fuíolluisce	Teastais Údaraithe	Toilithe GMO	Teastais Chláraithe
Iarratais a Fuarthas	41	29	304	150	43	59
Cinntí Beartaithe	47	30	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil
Agóidí a Fuarthas	19	18	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil	Gan a bheith ar fáil
Cinntí Deiridh	55	19	49	0	44	25

Tábla 1: Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin in 2009

Cineál Imscrúdaithe	Líon
Imscrúduithe maidir le hiarratas ar cheadúnas agus imscrúduithe athbhreithnithe	102
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin CRCT	496
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin CRCT	118
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin dramhaíola	266
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola	75
Cuairteanna monatóireachta CRCT (uisce)	653
Cuairteanna monatóireachta dramhaíola (uisce)	173
Monatóireacht Gáis Líonta Talún	35
Cruinnithe comhlíonta CRCT	101
Cruinnithe comhlíonta dramhaíola	37
Iniúchtaí údaráis áitiúil	154
Imscrúduithe a bhain le himscrúduithe alt 63	242
Imscrúduithe ar áiseanna GMO	14
Imscrúduithe Trádála Astuithe	38
Suirbhéanna agus Imscrúduithe PCB	64
Imscrúduithe WEEE/Imscrúduithe ar Tháirgeoirí Ceallraí	52
Imscrúduithe ar Mhiondíoltóirí WEEE	134
Cuideachtaí a imscrúdaíodh maidir le WEEE/Ceallraí ag Seónna Trádála	34
Imscrúduithe Úsáideora Deiridh de Ghás SÍÓ/F	48
Imscrúduithe ar Mhiondíoltóirí Péinteanna	6
Comh-imscrúduithe ar shuiteálacha VR i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla	2
Imscrúduithe ar na hÚdaráis Áitiúla faoin Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola	10
Imscrúduithe ar Oibreoirí Cóireála Dramhaíola faoin Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola	12
Imscrúduithe ar Oibreoirí MSW faoin Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola	8
Imscrúduithe ar Láimhseálaithe Miotail faoin Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola	6

Tábla 2: Iniúchtaí agus Imscrúduithe 2009

Gníomhaíocht	Líon in 2009*
Imscrúduithe forfheidhmiúcháin CRCT agus dramhaíola	762
Iniúchtaí forfheidhmiúcháin CRCT agus dramhaíola	193
Gearáin a Fuarthas	2182
Fógraí maidir le Neamhghéilliúntas a Eisíodh	730
Cruinnithe maidir le Géilliúntas a Tionóladh	138
Teagmhais a Cuireadh in Iúl don Ghníomhaireacht	2046
Cuairteanna monatóireachta dramhaíola	860
Cuairteanna monatóireacht Gáis Líonta Talún	35

Tábla 3: Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin 2009

Gníomhaíocht	Líon in 2009*
Iniúchtaí	154
Imscrúduithe ar Cuireadh Tús Leo le linn na Bliana	242
Imscrúduithe ar Cuireadh Deireadh Leo le linn na Bliana	236
Treoracha a seirbheáladh	27

Tábla 4: Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin maidir le hÚdaráis Phoiblí in 2009

- Rinneadh imscrúduithe GMO ag 14 áitreabh cláraithe, áit a ndearnadh imscrúdú ar 47 úsáideoir cláraithe ar fud na n-áitreabh sin.

FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS

- Rinne an EPA 193 iniúchadh agus 762 imscrúdú ar láithreáin dramhaíola a bhfuil ceadúnú CRTC acu.
- D'eisigh an EPA 730 fógra neamhghéilliúntais (NONCanna)
- Bhí 138 cruinniú le ceadúnaithe le déileáil le ceisteanna neamhghéilliúntais.
- Fuarthas 2182 gearán san iomlán faoi na suíomhanna sin ar tugadh ceadúnais dóibh. Bhain 91% de na gearáin sin le bréantas.
- Tugadh fógraí don Ghníomhaireacht (faoi réir théarmaí na gceadúnas) faoi 2406 teagmhas.

FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

- Cuireadh creat ar fáil sa *Cód Cleachtais um Beartas Forfheidhmithe i leith Gníomhaíochtaí Neamhúdaraithe a Fhorbairt* le go bhféadfadh údaráis áitiúla freagairt do ghníomhaíochtaí dramhaíola neamhúdaraithe.
- Díríodh sa Cheardlann Náisiúnta Dramhaíola ar cheisteanna mar na Teicníochtaí is Fearr atá ar Fáil (BAT) maidir leis an earnáil dramhaíola, le gás agus bréantas ó líonadh talún, le cóireáil dramhaíola, le rangú dramhaíola, agus le bainistiú láisteáite agus clúdach líonta talún.

FORFHEIDHMIÚ ÚDARUITHE UM SCAOILEADH FUÍOLLUISCE

- D'fhoilsigh an EPA Cód Cleachtais maidir le *Cóireáil Fuíolluisce agus Córais Diúscartha i gcomhair Tithe Aonair.* Baineann sé le córais ar an láthair chun an comhshaol i gcoitinne, agus go mór mór uisce óil, a chosaint.
- Rinneadh 24 iniúchadh ar na suíomhanna sin.

AN TAONAD UM DHLITEANAS COMHSHAOIL

FORFHEIDHMIÚ DLÍ

- Bhí rath ar 22 ionchúiseamh cúirte a thionscain an Ghníomhaireacht. Éisteadh 20 acu sin sa Chúirt Dúiche Éisteadh 2 cheann acu sa Chúirt Chuarda (agus céad triail le giúiré an EPA ar cheann acu). Tugadh 8 gcás in aghaidh ceadúnaithe dramhaíola agus 9 in aghaidh ceadúnaithe CRTC. Tugadh 2 cheann faoi na Rialacháin Bainistíochta Dramhaíola (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach). Tugadh ceann amháin faoi Rialacháin (Uisce Óil) na gComhphobal Eorpach (Uimh. 2). Bhain ceann le gníomhaíocht CRCT a dhéanamh gan cheadúnas agus bhain ceann amháin eile le diúscairt agus le haistriú dramhaíola. Gearradh costais agus fíneálacha arbh fhiú €584,651 iad san iomlán.

GEARÁIN MAIDIR LE FEIDHMIÚ REACHTÚIL NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

- Rinne an EPA 6 iniúchadh comhtháite ar údaráis áitiúla mar aon le 124 iniúchadh ar uisce óil agus 24 iniúchadh ar fhuíolluisce.
- Rinneadh an EPA 242 imscrúdú nua de thoradh gearán a rinneadh leis an EPA nó ar bhunús teagmhas a d'aithin an EPA, maidir le bearta a raibh na húdaráis áitiúla freagrach astu.
- Críochnaíodh 236 iniúchadh san iomlán i gcaitheamh na bliana.
- Tugadh 27 Treoir d'údaráis áitiúla. Bhain siad sin go léir le huisce óil.

AN LÍONRA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

- Comhordaíonn an Ghníomhaireacht Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil Náisiúnta. Úsáideann an Líonra na hacmhainní comhiomlána, an saineolas agus an cumas imscrúdaithe atá ar fáil go náisiúnta chun dul i ngleic le coiriúlacht chomhshaoil. Tá an Líonra bunaithe go maith anois agus tugann sé os cionn 1,000 ball foirne le chéile ó bhreis agus 50 gníomhaireacht sa tír.





FIGIÚR 4: Ionchúisimh Cúirte an EPA

CLÁR AR SCAOILEADH AMACH AGUS AISTRIÚ TRUAILLEÁN (PRTR)

- Is éard atá sa Chlár Eorpach ar Scaoileadh amach agus Aistriú Truailleán (E-PRTR) fardal astuithe truaillithe ó thionscail agus ó fhoinsí eile ar fud na hEorpa. Rinne an EPA comhordú ar an gcéad tuarascáil a rinne oibreoirí saoráidí agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh í i mí Mheán Fómhair. Féadfar na torthaí a fheiceáil ag http://prtr.ec.europa.eu.

TREOIR UM MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL (SEA)

I measc na bPríomh-mheasúnuithe Straitéiseacha Lárnacha Comhshaoil a rinne comhlachtaí poiblí in Éirinn i rith 2009 agus a ndearna an EPA aighneachtaí fúthu bhí:

- 7 bPlean (WFD) um Bainistiú Ceantar Abhantraí
- 6 Mheasúnú Straitéiseacha Réigiúnacha Comhshaoil ar Uiscí Sliogiasc – a bhain le 63 Clár um Laghdú Truaillithe
- 6 Phlean Forbartha Contae
- 15 Phlean Bailte Móra
- Scéim Straitéiseach Soláthair Uisce do Mhórcheantair Bhaile Átha Cliath Chéim II.

CÓRAIS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ (GIS)

- Cuireadh bailchríoch ar an Múnla um Acmhainn Asamhlaithe agus cuireadh ar fáil é in 2009 do chigirí ceadúnaithe an EPA ar Fhuíolluisce Uirbigh.
- Tá uirlis mheasúnaithe rioscaí bunaithe ar GIS forbartha ag an EPA le cabhrú leis na húdaráis áitiúla na measúnuithe sin a chomhlíonadh. Rinneadh dlúthchuid de Chlár na Láithreán Neamhrialaithe Dramhaíola (leathanach gréasáin UWSR) den uirlis GIS seo chun láithreán gréasáin amháin a sholáthar chun láithreáin líonta talún a chlárú agus measúnú a dhéanamh orthu. Cuireadh an uirlis chomhtháite seo ar fail d'Údaráis Áitiúla ar an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN).

- D'oibrigh an fhoireann Hidriméadrach i gcomhpháirtíocht le ESB International (ESBI) chun bailchríoch a chur ar fheidhmchlár chun cuar sreabhmharthanachta a chruthú ar láithreáin nach bhfuil aon tomhsaire Hidriméadrach iontu. Is féidir leis na Ceantair Abhantraí agus na hÚdaráis Áitiúla an láithreán gréasáin seo a rochtain ar an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN).

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

- Glacadh timpeall is 23,991 sampla a ndearnadh anailís orthu maidir le raon ceimiceán agus, nuair ba chuí sin, paraiméadair mhicribhitheolaíochta. Tógadh samplaí as aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce taoide, láisteáití ó líonadh talún, eisiltigh CRCT, scaoileadh fuíolluisce, agus astuithe aeir. Rinneadh an obair mar chuid de chláir mhonatóireachta náisiúnta, lena n-áirítear cláir Oibriúcháin agus Faireachais na Creat-treorach Uisce (WFD) agus rinneadh í le tacú le Forfheidhmiú Comhshaoil agus mar chuid de na cláir réigiúnacha atá ar siúl thar ceann údarás áitiúil san oirdheisceart, san iarthar agus san oirthuaisceart.

Cuireadh níos mó seirbhísí ar fáil don Oifig um Fhorfheidhmiúchán Comhshaoil maidir le tomhas gás líonta talún, gléasra cóireála fuíolluisce agus iniúchtaí saotharlainne.

AN CLÁR IDIRCHALABRÚCHÁIN

- Laghdaíodh faoi 3 líon na saotharlann a bhí rannpháirteach i gclár idirchalabrúcháin an EPA sa chaoi go raibh 123 acu san iomlán páirteach ann in 2008. Ina measc siúd bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don EPA agus cúig shaotharlann réigiúnacha de chuid an EPA féin.
- Rinneadh nuashonrú i mí Bhealtaine 2009 ar chlár na saotharlann, a bhfuil foráil déanta ina leith in Alt 66 d'Acht an EPA 1992. Is féidir é a iniúchadh i gCeanncheathrú an EPA agus ag www.epa.ie.

GNÍOMHAIREACHT COMHSHAOIL NA hEORPA (EEA)

- Lean an EPA ar aghaidh ag feidhmiú ina ról mar Phointe Comhtheagmhála Náisiúnta d'Éirinn ag déanamh comhordaithe ar mhalartú faisnéise comhshaoil leis an EEA agus ag forbairt agus ag cothabháil an líonra náisiúnta. Lena chois sin lean sí uirthi ag éascú agus ag comhordú teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí idir an leibhéal náisiúnta agus leibhéal AE.
- Bhí ionchur suntasach ag an EPA i bhforbairt Thuarascáil an EEA maidir le Staid an Chomhshaoil san Eoraip, a fhoilseofar in 2010.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- D'eisigh an EPA tuarascáil dar teideal *A Study on the use of Administrative Sanctions for Environmental Offences in other comparable countries and assessment of their possible use in Ireland (Staidéar ar úsáid Smachtbhannaí Riaracháin do Chionta Comhshaoil i dTíortha Inchomparáide eile agus measúnú ar a n-úsáid féideartha in Éirinn)*. Ba chuspóir foriomlán na tuarascála seo féachaint an rachadh sé chun tairbhe na bpríomhpháirtithe leasmhara (.i. na ranna rialtais bainteacha, an lucht gnó agus an pobal i gcoitinne) agus an chomhshaoil féin dá dtabharfaí isteach smachtbhannaí riaracháin do chionta comhshaoil i bPoblacht na hÉireann.
- Bhí siad seo a leanas i gceist sa chlár STRIVE in 2009:
  - 15 thionscadal faoi Tháirgeadh níos Glaine
  - 4 Thionscadal faoi Theicneolaíochtaí Comhshaoil
  - 1 Tionscadal Mór Socheacnamaíoch amháin faoi Tionscadal um Líonra Náisiúnta Glas a Fhorbairt d'Éirinn.
  - 9 Scoláireacht Dochtúireachta.
  - Foilsíodh 21 tuarascáil taighde in 2009. Lena chois sin cuireadh bailchríoch ar 6 staidéar mhionscála agus eisíodh iad.

- Chun tacú le pobal taighde na hÉireann ag leibhéal an AE d'eisigh an EPA Catalóg Ar-Líne den Saineolas Éireannach faoi Thaighde Comhshaoil. Rinne breis agus 4,000 taighdeoir ar fud na hEorpa é a rochtain.

PRÍOMHIMEACHTAÍ

- Bhí Lá Náisiúnta um Fhaisnéis Chomhshaoil ag an EPA inar taispeánadh tionscadail na hÉireann a bhfuil maoiniú FP7 faighte acu ón AE go dtí seo. Lena chois sin léirigh príomhshaineolaithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil agus de chuid institiúidí éagsúla tionsclaíocha agus acadúla na bearnaí atá san eolas atá againn agus na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn i réimsí éagsúla comhshaoil.
- Bhí ionadaithe ó 16 institiúid idir ollscoileanna agus choláistí i láthair ag 7ú Seimineár Bliantúil Dochtúireachta agus Iardhochtúireachta an EPA.
- Cuireadh bailchríoch freisin i rith na bliana ar an 46ú PhD ó 2001 faoin Scéim Scoláireachta Dírí.
- Rinneadh óstáil ar sheacht n-imeacht a fuair tacaíocht ó thaighde agus bhí 700 páirtí leasmhar i láthair.

ANAILÍS GHNÓ

- Cuireadh tús go luath in 2009 le tionscadal chun anailís a dhéanamh go córasach ar réimsí gnó laistigh den EPA le fáil amach an chaoi a bhféadfaí iad a fheabhsú trí athruithe a dhéanamh ar a gcuid bpróiseas agus go háirithe trí leas níos fearr a bhaint as TF. De bharr an athbhreithnithe sin cuireadh tús le tionscadal dar teideal LEMA (an Feidhmchlár um Fhorfheidhmiú Ceadúnas agus um Monatóireacht) trína bhforbrófar feidhmeanna nua TF chun mórchuid de na próisis ghnó sa réimse sin a uathoibriú.

7. EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMÍOCHTA A FHORBAIRT

Is riachtanas leanúnach é na daoine agus na hacmhainní eagrúcháin a fhorbairt chun tacú lenár straitéis agus a bheith ar fónamh don chomhshaol. D'fhonn é sin a dhéanamh ní mór díriú ar cheithre phríomhréimse:

Daoine Inniúla/Tiomanta;

Curadh an Chomhshaoil;

Dírithe ar an gCustaiméir agus

Éifeachtúil ó thaobh na hEagraíochta

DAOINE INNIÚLA / TIOMANTA

Is éard atá i gceist le cuspóir leanúnach an EPA ná go mbeidh fórsa saothair tiomanta againn a fheidhmeoidh de réir an chumais uasta.

- 340 ball foirne atá ceadaithe don EPA ag deireadh 2009. De dheasca éifeachtaí an moratorium ar earcaíocht san earnáil phoiblí fágadh folúntas i 7 bpost i rith na bliana. Dá réir sin, bhí 333 i líon iomlán na foirne ag an EPA ag deireadh mhí na Nollag 2009. Tá 158 ball den fhoireann lonnaithe ag Ceanncheathrú an EPA i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe go straitéiseach i gcúig Oifig Cigireachta Réigiúnacha agus i gceithre Oifig eile ar fud na tíre.
- Forbraíodh Treoirleabhar um Acmhainní Daonna do Bhainisteoirí agus eisíodh é do na Bainisteoirí Líne go léir in 2009. Dearadh an treoirleabhar chun cuidiú le Bainisteoirí Líne maidir lena n-idirghníomhú laethúil leis an bhfoireann agus chun cuidiú leis an EPA a stádas a chothabháil mar eagraíocht ardfheidhmíochta ina bhfuil daoine inniúla agus tiomanta.
- Forbraíodh Bunachar Sonraí um Scileanna Foirne chun saineolas intí a mhapáil d'fhonn úsáid na scileanna éagsúla atá ag foireann an EPA a uasmhéadú.

- Mar chuid de thimthriall pleanála gnó an EPA, rinne an EPA Athbhreithniú ar Sholáthar Foirne agus Acmhainní i mí na Samhna 2009. Tugadh na sriantaí atá ann ar bhuiséid agus ar acmhainní foirne mar gheall ar an gcor chun donais sa gheilleagar agus ar moratorium mhí Mhárta 2009 maidir le fostaíocht san earnáil phoiblí san áireamh.

D'fhonn doimhneacht scileanna agus eolais a fhorbairt go leanúnach ar fud na heagraíochta, tá an EPA tiomanta go mór d'fhorbairt agus d'oiliúint na foirne.

- Léirítear an tiomantas seo sa chaoi a mbaintear amach go rialta, nó a sáraítear, sprioc na hEarnála Poiblí maidir le 4% den phárolla a chaitheamh ar Oiliúint agus ar Fhorbairt. Caitheadh breis is €727,000 san iomlán ar oiliúint i rith na bliana.
- I rith 2009, ghlac baill foirne páirt i gclár ina raibh 270 imeacht, idir chúrsaí oiliúna (inmheánacha, seachtracha & grúpa), cheardlanna, chomhdhálacha agus sheimineáir. B'ionann iad sin agus 2,097 lá oiliúna ar fad agus 6.2 lá oiliúna in aghaidh an duine.
- Chuir an EPA tús le feidhmiú céimneach ar Chlár Bainistíochta Daoine, agus chríochnaigh 25 ball foirne sinsearach an cúrsa faoi dheireadh 2009. Déanfar na scileanna atá riachtanach chun bainistiú a dhéanamh i gcomhthéacs timpeallacht oibre atá ag athrú go mear agus brúnna méadaithe le haghaidh éifeachtaí agus nuálacha á lorg ón Earnáil Phoiblí, a thabhairt do na bainisteoirí sinsearacha sa Chlár.
- Lean an EPA ar aghaidh le soláthar an Chláir Forbartha Foirne, a bhfuil mar aidhm aige rannpháirtithe a chumasú na príomhinniúlachtaí iompair atá riachtanach chun lánchumas a bhaint amach sna róil atá acu faoi láthair agus sna róil a bheidh acu amach anseo a shainaithint agus a fhorbairt.
- Forbraíodh *Straitéis Foghlama Chorparáideach 2010-2012* chun creat a sholáthar trínar féidir leis an EPA na gealltanais forbartha foirne atá leagtha amach in *2020Vision* a bhaint amach. Déantar cur chuige níos straitéisí agus réamhghníomhaí a sholáthar sa straitéis chun riachtanais oiliúna agus forbartha a chomhlíonadh agus a shainaithint agus chun cinntiú a dhéanamh go bhfuil cothromaíocht chuí ann idir riachtanais chorparáideacha agus riachtanais aonair.
- Tá Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) i bhfeidhm ag an EPA ó 2002. Is é an aidhm a ghabhann leis an PMDS caighdeáin ardfheidhmíochta i measc na bhfostaithe a chur chun cinn, baint amach na gcuspóirí gnó atá leagtha amach in *2020Vision* a áirithiú, scileanna na bhfostaithe a fhorbairt agus idirphlé soiléir idir bainisteoirí agus fostaithe a chur chun cinn. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an gcóras reatha in 2009 chun PMDS a fhorbairt a thuilleadh agus é a chomhtháthú leis an EPA.

Tá an EPA tiomanta do shábháilteacht, shláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus trí oiliúint oiriúnach, cláir feasachta sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta a chur ar fáil.

- Tá teist den scoth ar an EPA ó thaobh sábháilteachta de agus níor tharla timpiste thromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2009.
- Leanadh ar aghaidh i gcaitheamh 2009 ag spreagadh feasachta faoi chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, trí chlár oiliúna sábháilteachta fairsing a sholáthar.
- Leanadh ar aghaidh ag iniúchadh agus ag déanamh measúnú riosca ar ghníomhaíochtaí an EPA nuair a críochnaíodh iniúchadh ar an gclár monatóireachta líonta talún. Fuarthas amach gur déileáladh go sásúil tríd is tríd leis na rioscaí go léir, go dtugtar freagra go pras ar aon iarratas a bhaineann le sábháilteacht agus gur thug an fhoireann go léir a cuireadh faoi agallamh tús áite don tsábháilteacht.

Tugadh téama an chomhoibrithe Tras-Oifige chun suntais mar thosaíocht don EPA i gClár Oibre Bliantúil 2009. Tá an méid seo a leanas san áireamh le gníomhaíochtaí Tras-Oifige:

- Buaileann roinnt grúpaí teicniúla Tras-Oifige le chéile de réir mar is gá agus déanann siad faisnéis a mhalartú i dtaobh ábhar ar nós na Creat-Treorach Uisce, na Treorach maidir le Screamhuisce,

na Treorach maidir le Líonadh Talún, saincheisteanna Ceadúnaithe agus Forfheidhmiúcháin maidir le hUisce, le Screamhuisce, le hAer, le CRCT agus le Fuíolluisce.

- Tionscadail Tras-Oifige Fhoirmiúla, m.sh. tionscadal LEMA (an Feidhmchlár um Fhorfheidhmiú Ceadúnas agus um Monatóireacht 2009/2010), agus uirlis um Chumas Comhshamhlaithe a fhorbairt le haghaidh uisce abhann ina ndéantar baint amach tosaíochtaí comhaontaithe an EPA a shannadh don fhoireann ar bhonn páirtaimseartha nó lán-aimseartha;
- Cuireadh roinnt Grúpaí Tras-Oifige ar bun chun dúshláin *2020Vision* an EPA a chur i bhfeidhm agus rinne na grúpaí um Athrú Aeráide, Uisce agus Bithéagsúlachta sraith páipéar agus fothorthaí a sholáthar.
- Bhí raon Tionscnamh Tras-Oifige ar nós Grúpa IM&T, Grúpa Comhairleach Gréasáin, Grúpa Forbartha Foirne agus Foireann Ghlas faoi cheannas agus á dtacú ag foireann OCCS agus chuir siad ionchur agus soláthar tras-oifige éifeachtach ar fáil;
- Tá Coiste Comhpháirtíochta (*Meitheal*) ar bun ag an EPA ó 1999 i leith. Is trí Ghrúpaí Tras-Oifige a dhéanann *Meitheal* formhór a chuid oibre. Le linn 2009, bhí ról suntasach ag *Meitheal* i bhforbairt leanúnach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta don fhoireann, i gcomhordú tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta, i nGrúpa Forbartha Foirne agus i Seirbhís Ard-cháilíochta do Chustaiméirí. Rinne an Fhoireann Ghlas an-chuid oibre ag déanamh an EPA a ullmhú le haghaidh creidiúnú ISO 14001.

CURADH AN CHOMHSHAOIL

Teastaíonn ón EPA áirithiú a dhéanamh go bhfuil cúinsí comhshaoil ag croílár na cinnteoireachta. Is gá don EPA áirithiú a dhéanamh go bhfaigheann daoine áirithe an fhaisnéis cheart san am cuí d'fhonn bainistíocht comhshaoil éifeachtach a chumasú agus d'fhonn eolas agus oideachas a chur ar fáil ina leith.

- Rinne an EPA urraíocht ar an gcúigiú comhdháil bhliantúil *Comhshaol Éireann* i mí Mheán Fómhair. Bhí breis agus 300 ionadaí de chuid phobal gnó na hÉireann agus na hearnála poiblí i láthair. Cuireann an chomhdháil fóram ar fáil chun forbairtí suntasacha i mbeartas comhshaoil ar oileán na hÉireann a phlé. Is iad na téamaí a bhí ann in 2009 *I dtreo geilleagar cliste glas: Oiriúnú d'athrú aeráide agus Infheistíocht i mbonneagar comhshaoil na hÉireann*.
- Lean an EPA ar aghaidh leis an tsraith léachtaí maidir le hathrú aeráide agus rinneadh léachtaí ócáideacha a reáchtáil i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna. Tá na léachtaí sin mar aon le léachtaí eile ón tsraith ar fáil lena bhfeiscint mar phodchraoltaí ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie.

Coiste Meitheal 2009

- Lean an EPA uirthi ag cur urraíochta ar fáil don tsraith teilifíse *EcoEye* agus ag glacadh páirte inti in 2009. Craoladh an seachtú sraith ar RTÉ 1 go luath san Earrach. Bhreathnaigh 490,000 duine ar an meán ar gach clár.
- Bhí caidreamh idir foireann an EPA agus na páirtithe leasmhara ag raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla le linn na bliana, ar a n-áirítear Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT agus Aonach an Chomhshaoil Inbhuanaithe ag Garraithe Náisiúnta na Lus agus ag an gComórtas Náisiúnta Treafa a tionóladh i mBaile Átha Í, Co. Chill Dara. Bhronn an EPA Duais Speisialta ag Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta BT.
- Lean An Taisce ar aghaidh, i gcomhar leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl de chuid an EPA, le Clár *na dTithe Glasa* a riar in 2009. Tá an clár ag dul ó rath go rath agus bíonn sé á reáchtáil i mbreis is seasca pobal ina bhfuil 64 scoile, breis is 9,000 teaghlach agus roinnt grúpaí pobail mar aon le gnólachtaí ar fud na hÉireann.
- Reáchtáladh comhdháil in 2009 leis an ábhar Pobail in Éirinn a Ghlasú. Pointe tosaithe a bhí sa chomhdháil chun pobail in Éirinn a shlógadh chun a bheith ag maireachtáil i slí atá níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Rinneadh an chomhdháil a óstáil ar bhonn comhpháirteach ag an EPA, ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ag An Taisce.
- Aithníodh Glasú an EPA mar cheann de na Sé Mhórthosaíocht i gClár Oibre an EPA do 2009. Bhí an méid seo a leanas san áireamh le cuid de na príomhghníomhaíochtaí:
  - Leanadh ar aghaidh leis an gCóras Bainistíochta Comhshaoil (EMS) a chur i bhfeidhm d'fhonn ISO4001 a bhaint amach. Rinneadh moladh in iniúchadh réamh-mheasúnaithe ar tugadh chun críche é ag deireadh 2009 gur cheart dul ar aghaidh le hiniúchadh deimhniúcháin go luath in 2010.
  - Bhí go leor gnéithe inbhuanaithe san áireamh leis an síneadh ar Cheanncheathrú an EPA; córas téimh le coire bithmhaise, aisghabháil teasa ó ghléasra aerchóirithe, córas soilse atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de, painéil ghréine fhótavoltacha agus bailiú uisce báistí.
  - Lean Foireann na Gníomhaireachta agus Foirne Glasa Áitiúla ar aghaidh le comhordú na ngníomhaíochtaí maidir le glasú an EPA.
- Lean an EPA ar aghaidh in 2009 le forbairt na faisnéise a sholáthraíonn sí bunaithe ar an ngréasán. San áireamh le príomhfhorbairtí:
  - Rinneadh Cuardach Google a shuiteáil chun cumas cuardaigh a fheabhsú.
  - Cuireadh feabhas ar na leathanaigh um Athrú Aeráide d'fhonn tuilleadh faisnéise a chur ar fáil.
  - Cuireadh modúl um agóidí agus aighneachtaí leis na Leathanaigh um Cheadúnú ionas gur féidir aighneachtaí agus agóidí a chur isteach ar líne.
  - Seoladh láithreán gréasáin nua "Splash" ar líne um cháilíocht an uisce snámha atá ar fáil ag www.bathingwater.ie.
  - Cuireadh Craolacháin Físe ar fáil.
  - Soláthar feabhsaithe faisnéise faoi thaighde arna mhaoiniú ag an EPA trí acmhainn sonraí SAFER atá ar fáil trí láithreán gréasáin an EPA. Tá 118 acmhainn agus 1333 comhad sonraí ar fáil go poiblí i láthair na huaire a léiríonn feabhas ar rochtain an phobail ar shonraí arna nginiúint ag taighde atá maoinithe ag an EPA.

DÍRITHE AR AN gCUSTAIMÉIR

Déanann an EPA a dícheall chun bheith ina heagraíocht atá dírithe ar an gcustaiméir.

- Bhí Plean Gnímh 2009 maidir le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir (SAC) dírithe go sonrach ar na cuspóirí atá sainaitheanta in *2020Vision* agus dualgas i leith gníomhartha sainiúla ag gach oifig.

- Bunaíodh Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil in 2009 chun ceisteanna comhshaoil ón bpobal a lárú agus a bhainistiú. I rith na chéad bliana d'oibriúchán, rinne an láraonad breis is 2,000 ceist a phlé agus a réiteach, a chur ardleibhéal seirbhíse ar fáil do chustaiméirí.
- Tugadh Suirbhé um Sheirbhís do Chustaiméirí chun críche ag deireadh 2009 a chuirfidh le Plean Gnímh SAC an EPA don bhliain 2010. Ar an iomlán bhí an t-aiseolas a fuarthas maidir le teagmháil a rinneadh ar an teileafón, i scríbhinn agus go pearsanta dearfach agus cúirtéis na foirne agus cáilíocht na faisnéise a cuireadh ar fáil luaite le ráta faofa 85%. Rinneadh suirbhé ar úsáideoirí an Láraonaid nua um Cheisteanna Comhshaoil freisin chun aiseolas a fháil ó chustaiméirí a bhain leas as an tseirbhís. Bhraith beagnach 90% de na freagróirí go raibh an Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil cuiditheach agus freastal á dhéanamh ar a gceist, agus bhraith breis is 87% gur chuir an Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil faisnéis úsáideach ar fáil dóibh. Tá Cairt Chustaiméirí an EPA le fáil ar láithreán gréasáin na gníomhaireachta.
- Cuireadh sé ghearán faoi bhráid an oifigigh SAC in 2009. Rinneadh cinneadh nach raibh ceann amháin ina ábhar SAC agus pléadh leis lasmuigh de phróiseas SAC, rinne an gearánaí dhá cheann a tharraingt siar, agus rinne an t-oifigeach SAC sa réimse ábhartha na trí cinn eile a fhiosrú agus a fhreagairt. Ní bhfuarthas aon achomharc.

Bíonn an EPA de shíor ag iarraidh ár gcumarsáid a fheabhsú agus acmhainní oideachasúla a chur ar fáil d'fhonn tuilleadh faisnéise a chur ar fáil do chinnteoirí agus chun tionchar a imirt ar an réimse gnó, ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí lena n-oibrímid.

- I rith 2009, rinne an EPA 430 fiosrúchán ó na meáin a láimhseáil
- Ceapadh sraith alt agus scaipeadh iad gach mí i measc na meán réigiúnach. Bhain na hailt le saincheisteanna éagsúla a bhfuil baint ag an EPA leo agus bhí siad go léir curtha in oiriúint don chontae nó don réigiún a bhí i gceist. I measc na n-ábhar a pléadh bhí teicneolaíochtaí comhshaoil níos glaine, bainistiú umar seipteach, giniúint dramhaíola, dó sa ghairdín cúil agus sa tinteán, gnó glas agus leideanna séasúracha um Nollaig.
- I mí Aibreáin 2009 foilsíodh agus scaipeadh doiciméad *Buaicphointí na Bliana* de chuid an EPA, a thug faisnéis ar phríomhbhearta an EPA le bliain anuas, agus scaipeadh trí eagrán den nuachtlitir chorparáideach .i. EPANews ar shíntiúsóirí le linn na bliana.
- Tá acmhainní oideachais forbartha ag an EPA do mhúinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile. Rinneadh iad a scaipeadh ar gach scoil mórthimpeall na tíre agus leanfar á ndáileadh ar iarratas. Forbraíodh acmhainn teagaisc nua don mheánoideachas agus beidh sí ar fáil go luath in 2010.
- Rinne an EPA urraíocht arís ar cheacht faoi theicneolaíochtaí comhshaoil in *Eolaíocht agus Teicneolaíocht i ngníomh*. Is acmhainn ilmheán do scoileanna dara leibhéil é sin.
- Leanadh ar aghaidh le clár suntasach oibre i gcaitheamh na bliana 2009 chun inrochtaineacht ar áitreabh agus ar sheirbhísí an EPA a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áiríodh suiteáil ardaitheora sna oifigí EPA i Muineachán d'fonn inrochtaineacht a fheabhsú.

ÉIFEACHTÚIL Ó THAOBH NA hEAGRAÍOCHTA

Tá an EPA tiomanta do chloí leis na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus cultúr an dea-rialachais a leabú i ngach Oifig agus aonad gnó dá cuid. Mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, lean an EPA ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchta Inmheánaigh.

RIALACHAS CORPARÁIDE

- Rinneadh Iniúchtaí Inmheánacha i rith 2009 ar na réimsí seo a leanas:
  - Bainistíocht Imeachtaí, Fáilteachas, Urraíocht agus Liúntas Taistil & Cothaithe; agus
  - Úsáid Sainchomhairleoirí, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtraí san EPA.

- D'fhorbair an Coiste Iniúchta Inmheánaigh agus Bord an EPA Plean Iniúchta Inmheánaigh don tréimhse 2010-2011 in 2009 agus ghlac siad leis.
- D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais Cód Cleachtais Leasaithe um Rialú Comhlachtaí Stáit i mí na Bealtaine 2009. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Rialachas laistigh den EPA in 2009 chun géilliúntas leis an gCóras Leasaithe a chinntiú.

BORD AN EPA

Tá cúigear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin ar Bhord an EPA. Bhí 46 cruinniú ag Bord an EPA in 2009, lena n-áirítear 11 chruinniú ghinearálta inar pléadh beartas corparáideach, straitéis agus saincheisteanna pleanála agus airgeadais, mar aon le 35 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus saincheisteanna oibriúcháin.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Lean an EPA ar aghaidh in 2009 le huasmhéadú úsáid na teicneolaíochta chun cinntiú a dhéanamh go bhfuil córais faisnéise i bhfeidhm ionas gur féidir leis an bhfoireann obair a dhéanamh go héifeachtach agus d'fhonn ár gcumas chun measúnuithe comhshaoil ardcháilíochta a chur ar fáil a mhéadú. Lean seirbhísí teicneolaíochta faisnéise an EPA ar aghaidh i rith 2009 le soláthar seirbhísí rialta dá custaiméirí, agus iad ag obair freisin i dtreo na sprice fadtéarmaí d'fheabhsú leanúnach a dhéanamh ar bhailiú, mheasúnú agus ar sholáthar faisnéise, do na páirtithe leasmhara uile.

- Go luath in 2009, rinne an EPA athbhreithniú Anailíse Gnó ar roinnt réimsí gnó tábhachtacha laistigh den EPA chun réimsí inar féidir próisis gnó na Gníomhaireachta a fheabhsú trí fheidhmiú cuí na TF a shainaithint.
- Tá tionscnamh tionscadail ina chlúdaítear príomhphróisis LEMA (an Feidhmchlár um Fhorfheidhmiú Ceadúnas agus um Monatóireacht 2009/2010) an EPA ina fhothoradh ar an athbhreithniú, agus is cosúil go dtiocfaidh an-chuid éifeachtachtaí sna cleachtais oibre as an tionscadal. Tá tionscadal píolótach á dhéanamh le haghaidh na gCeadúnas Cóireála Fuíolluisce Uirbigh agus má éiríonn leis sin déanfar LEMA a chur i bhfeidhm i gcás Ceadúnú Dramhaíola, CRCT agus réimsí eile.
- Tá an tionscadal seo ina chuid de chlár foriomlán na dtionscadal tosaíochta atá faoi lán seoil cheana féin ar nós an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN), Sonraí Uisce a Bhailiú agus a Thuairisciú (AQUARIUS), ETSWAP, Clár um Athrú Teiceolaíochta agus Tairseach Chorparáideach Sharepoint. Ba phríomhfhócas iad na tionscadail sin de ghníomhaíocht IM&T in 2009 agus leanfar ar aghaidh leis sin in 2010.
- Cuireadh roinnt feabhsuithe córais i bhfeidhm i rith 2009 chun tacú le ról an EPA an comhshaol a chosaint, lena n-áiríodh:
  - Córas TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh ina stór lárnach de chuid an EPA le haghaidh faisnéise maidir leis an Chreat-Treoir Uisce.
  - Seirbhís do Chustaiméirí a fheabhsú trí chóras TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun Ceisteanna Comhshaoil a bhainistiú agus a fhreagairt go héifeachtach agus go héifeachtúil.
  - Na córais TF reatha a uasghrádú chun bailiú agus tuairisciú sonraí maidir le hastuithe agus dramhaíl a fheabhsú don Chlár ar Scaoileadh Amach agus Aistriú Truailleán (PRTR) – m.sh. Tuarascálacha Comhshaoil Bliantúla (AER) a chur isteach ar líne. San áireamh le huasghráduithe eile don chóras TF cuireadh ar chumas an phobail aighneachtaí, agóidí srl a chur isteach ar líne.
- Rinneadh athbhreithniú ar na córais atá á n-úsáid ag an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áiríodh Airgeadas agus Acmhainní Daonna. Déanfaidh an Bord cinntí ón athbhreithniú sin a bhreithniú go luath in 2010.
  - Lena chois sin rinneadh feabhsuithe ar chórais inmheánacha an EPA chun éifeachtacht na bpróiseas inmheánach agus scaipeadh faisnéise i measc ball foirne an EPA a fheabhsú. De thairbhe sin bhí éifeachtaí ann i réimsí ar nós riaracháin / bainistiú ar fhorfheidhmiú IPC/Ceadúnais Dramhaíola; feabhsúcháin ar phróiseáil samplaí VOC, agus riaracháin / bainistiú Fógraí Uisce Óil.

ROINN 2

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ FOSTAITHE IN 2009

Achilles Procurement Services	Fehily Timoney	Simon Shilton (Isonic)
Arum Exploration Services	Ford Consulting	SKM Enviros Limited
AWN Consulting	Helix Partnership	SLR Consulting
Barry Doyle & Co	Hospitality Solutions Limited (HSL)	Stephen Bowe
BEC Consultants	HydroLogic	Tim Mulvey
Carl Stuart	An Foras Riaracháin	TMS Consultancy, Plás Percy, Luimneach
CDM	JB Barry's	Tobins
Ceram Building Technology	Levett-Therivel Sustainability Consultants	URS Consulting Limited
Ionad na Teicneolaíochta Glaise (CTC)	LHM Casey McGrath	White, Young & Green
Comhairle Contae Chorcaí	Maire Halpin	WRC PLC
Damian Smyth	MJ Gray	
Darlington Consulting	Mudway Health	
David Ball	OCM	
Deloitte	Powerline Limited	
Enviros	Resolve Consulting Limited	
ESP Technologies Ltd.	RPS Consultants Limited	
ESRI	RSK ENSR	
Garrett Kilroy	Ryan Hanley	

AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig in éifeacht an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002.

Is é beartas an EPA féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí gach sonrasc a rianú agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh go laethúil sa Rannóg Cuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais gan mhoill iad le híoc. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íocaíocht pras a chinntiú.

Deartar na rialuithe seo chun neamh-chomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Rinneadh 29 íocaíocht mhalla le linn 2009, a raibh luach thar €317 ag baint leo, agus sháraigh siad seo an dáta dlite faoi 22 lá ar an meán. Ba é €280,802 luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha seo. San iomlán, b'ionann luach na n-íocaíochtaí malla is 0.7 % de luach iomlán na n-íocaíochtaí clúdaithe ag an Acht, agus ba é €660 an t-ús pionóis iomlán a bhain leo.

Mary Kelly

Mary Kelly,
Ard-Stiúrthóir, EPA

FOILSEACHÁIN AN EPA 2009

Tá an chuid is mó d'fhoilseacháin EPA ar fáil lena n-íoslódáil ó láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie. Tá na foilseacháin ar fad le ceannach ar líne nó ó Dhíolachán Foilseachán EPA ar +353 1 268 0100.

AER

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar aer a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/air/

- Caighdeán an Aeir in Éirinn 2008
- $C0_2$ EPA Emission Factors 2009
- Ireland's Greenhouse Gas Emissions for 2008
- Ireland's National Greenhouse Gas Emissions Projections 2008-2020
- Dioxin Levels in the Irish Environment 2008

CORPARÁIDEACH

Is féidir na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/other/corporate/

- Buaicphointí na Bliana 2008 don EPA
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an EPA don bhliain 2008
- EpaNews Earrach 2009
- EpaNews Fómhar 2009
- EpaNews Geimhreadh 2009

FORFHEIDHMIÚ

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar dhramhaíl a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/enforcement

- Focus on Environmental Enforcement in Ireland- for the years 2006-2008
- Ireland's 2007 European Pollutant Release and Transfer Register (E-PRTR) Report
- Pollutant Release and Transfer Register Datasets
- A Study on the use of Administrative Sanctions for Environmental Offences in other comparable countries and assessment of their possible use in Ireland

DRAMHAÍL

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar dhramhaíl a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/waste/

- EPA Enforcement of WEEE Regulations to date
- Calling Time on Waste
- National Waste Report 2008
- An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl – Tuarascáil Bhliantúil 2008-2009
- Municipal Waste Characterisation 2008 Surveys – Final Report

UISCE

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar uisce a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/water/

- The Provisions and Quality of Drinking Water in Ireland – A Report for the years 2007-2008
- Water Quality in Ireland 2007-2008: Key Indicators of the Aquatic Environment
- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn – Tuarascáil don bhliain 2008
- Urban Waste Water Discharges in Ireland for Population Equivalents Greater than 500 persons – A Report for the Years 2006-2007

NÓTAÍ TREORACH

Is féidir na nótaí treorach seo a leanas a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/advice/

- Guidance on the Notification, Management and Communication of Environmental Incidents.
- Code of Practice for the Development of an Enforcement Policy for Unauthorised Waste Activities.
- WEEE Regulations – Information for Retailers of Electrical and Electronic Equipment and Batteries.
- Municipal Solid Waste – Pre-Treatment and Residuals Management – An EPA Technical Guidance Document.
- Code of Practice – Waste Water Treatment and Disposal Systems serving Single Houses.
- Guidance for the Farming Community on Protection of Water Resources and Habitat Quality from Impacts due to Livestock Access to Water.
- EPA Guidance Note for Strategic Noise Mapping.
- EPA Guidance Note for Noise Action Planning.

TUARASCÁLACHA TAIGHDE COMHSHAOIL

ATHRÚ AERÁIDE

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar athrú aeráide a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/ climate/

- A Summary of the State of Knowledge on Climate Change Impacts for Ireland. (CCRP 1) Margaret Desmond et al.
- CELTICFLUX: Measurement and Modelling of Greenhouse Gas Fluxes from Grasslands and Peatland in Ireland. (STRIVE 24) Gerard Kiely et al.
- Conflicts between Energy Policy Objectives and the National Climate Change Strategy in Ireland. (STRIVE 31) Brian Ó Gallachóir et al.
- Climate Change – Refining and Impacts for Ireland. (STRIVE 12) Sweeney, J et al.

UISCE

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar thaighde uisce a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/water/

- Macroalgal Biomonitoring – Applying Phenolic Compounds as Biomarkers for Metal Uptake Characteristics in Irish Coastal Environments. (STRIVE 42) Soléne Connan and Dagmar B. Stengel.
- On-Site Waste Water Treatment: Investigation of Rapid Percolating Sub-Soils, Reed beds and effluent distribution. (STRIVE 28) Laurence Gill et al.

ITHREACHA AGUS BITHÉAGSÚLACHT

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar thaighde ar ithreacha agus ar bhithéagsúlacht a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/biodiversity/ nó www.epa.ie/ downloads/pubs/research/land/

- Predicting the Impact of Coexistence-Guided, Genetically Modified Cropping on Irish Biodiversity. (STRIVE 39) Ewan Mullins et al.
- AGBIOTA (STRIVE 21) G. Purvis et al.

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA AGUS ACMHAINNÍ

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar bhainistíocht acmhainní a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/ research/waste/

- Development of an Industry-Led Quality Standard for Source-Separated Biodegradable Material Derived Compost. (STRIVE 22) M. Prasad agus P. Foster.

- The Development of an Audit Methodology to Generate Construction Waste Production Indicators for the Irish Construction Industry. (STRIVE 26) Mark Kelly and John Hanahoe.
- Implementation of an Urban Community Composting Programme. (STRIVE 40) Sarah Miller et al.

SOCHEACNAMAÍOCHT

Is féidir na tuarascálacha taighde socheacnamaíochta seo a leanas

a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag
www.epa.ie/downloads/pubs/research/econ/

- Public Participation in the Selection of Sustainable Development Indicators in Limerick and Freshford, Ireland. (STRIVE 13) B. O'Regan agus R. Moles.
- Deriving Quality of Life Indicators in Urban Areas – A Practitioner's Guide.
- Galway 21: Implementing the Principles and Practices of Sustainable Development in Galway City Council. (STRIVE 17) Frances Fahy.
- Guide to Establishing an Eco-Industrial Network.
- Establishing an Eco-Industrial Network for SME's in the Mid-West Region (STRIVE 19) B. O'Regan and R. Moles.
- Innovative Data Capture and Presentation Techniques in Support of the EU Environmental Noise Directive (STRIVE 25) Gearóid Ó Riain and Tim McCarthy.

TEICNEOLAÍOCHTAÍ COMHSHAOIL

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar theicneolaíocht chomhshaoil a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag
www.epa.ie/downloads/pubs/research/tech/

- Innovation for a Green Economy- Environment and Technology: A Win-Win Story (STRIVE).
- Sustainable Logistics: Towards the Development of Environmentally Conscious Supply Chains. (STRIVE 32) Paul Ryan et al.
- The Use of Mesoporous Silicas to Absorb and Separate Metals and Nanoparticles from Aqueous or Organic Solutions. (STRIVE 33) Aoife Burke.
- Development of a Novel Environmental Monitoring System based on Optical Oxygen Sensing and Respirometry. (STRIVE 23) Dmitri B. Papkovsky et al.
- Demonstration of a Minituarised Multi-Channel Cytometry System and its Suitability for Autonomous Deployment. (STRIVE 29) Barbara Fogarty et al.

ROINN 3

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31Ú NOLLAIG 2009

- Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Na Beartais Chuntasaíochta
- An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána
- An Clár Comhardaithe
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50 (1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don EPA ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach agus a cheadódh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil chomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus an EPA ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir di:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach a ghlacadh leis go leanfaidh an EPA ag oibriú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Bíonn an EPA freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach ag am ar bith staid airgeadais an EPA agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 den Acht EPA. Tá freagracht ar an EPA chomh maith a cuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Mary Kelly

Ard-Stiúrthóir

Matthew Cooney

Stiúrthóir

23 Samhain 2010

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS 2009

1. Thar ceann Bhord Stiúrthóirí an EPA, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais, maidir le cuntais an EPA a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an nGníomhaireacht a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí an EPA chomh maith gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtugtar faoi deara go tráthúil iad.

3. Príomhnósanna Imeachta chun Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtach a Sholáthar

i) Tá bearta glactha ag Stiúrthóirí an EPA chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den Ghníomhaireacht trí:

- Ráiteas Straitéise an EPA *2020Vision – Protecting and Improving Ireland's Environment* a fhoilsiú. Baineann an Straitéis leis an tréimhse go dtí 2010 agus tá cuspóirí comhshaoil agus eagrúcháin an EPA leagtha amach inti. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an EPA ina leith ar bhonn tréimhsiúil. Cuireadh tús le hobair chun straitéis nua a ullmhú le haghaidh na tréimhse 2011 – 2014.
- Clár oibre mionsonraithe a aontú maidir le gach bliain, agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcoinne an chláir oibre ar bhonn rialta.
- Cruinnithe an Bhoird a thionól go rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla nuair a bhíonn saincheisteanna straitéiseach ar an gClár amhail Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais agus Straitéis Chorparáideach.

- Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú agus iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar Airgeadais na foirne.
- Sceideal cuimsitheach de shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an EPA a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú mar chuid d'athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe laistigh den EPA, maoirsiú a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis an gcaoi a bhfuil an fheidhm sin á cur i bhfeidhm agus á forbairt.
- Beartas agus Creatlach i leith Bainistiú Rioscaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus athbhreithniú agus faomhadh a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta uile an EPA.
- Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir na riachtanas sa Chód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- Deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus Ailt 37 agus 38 den Acht EPA 1992, a bhaineann le Leasanna a Dhearbhú agus a Nochtadh.

ii) Le linn 2009 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosca an EPA de réir Beartas Bainistíocht Riosca an EPA agus ullmhaíodh Clár Riosca Corparáideach. Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dearbhaithe rathúla ar fáil don Ard-Stiúrthóir lena n-admhaítear freagracht as nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gclár riosca ina oifig féin agus as cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistíocht Riosca i bhfeidhm. Tar éis an athbhreithnithe ar an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, cheadaigh an Bord plean chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar Struchtúir Bainistíocht Riosca an EPA in 2010.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis seo go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann Stiúrthóirí an EPA athbhreithniú agus faomhadh air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht maidir le feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Tugadh Lámhleabhar Airgeadais chun críche in 2007, lena leagtar amach beartais agus nósanna imeachta maidir le saincheisteanna buiséadacha agus airgeadais.
- Údarás maidir le gach eisíocaíocht airgid ón EPA, íocaíocht na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, agus na gcostas srl (bíodh le seic nó le ríomhaistriú airgid) a theorannú do Stiúrthóirí agus do thriúr Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Deighilt na ndualgas um phróiseáil idirbheart roimh na húdaruithe seo ina dhá chéim: 1: dearbhú ón bhfoireann atá freagrach as na hidirbhearta seo go bhfuarthas na hearraí/seirbhísí agus go raibh tuarastail, pinsin agus costais dlite, agus 2: áireamh leis an Aonad Airgeadais ar an airgead iomlán atá dlite, roimh údarú a iarraidh chun iad a íoc.
- Déantar gach ceannach a fheidhmiú trí chóras bainistíocht airgeadais an EPA agus ní féidir aon cheannach a dhéanamh gan ordú ceannaigh a chruthú tríd an gcóras seo. Déantar íocaíochtaí a údarú trí mheaitseáil earraí laistigh den chóras seo agus ní féidir ordú ceannaigh a chruthú ná íocaíocht a údarú gan é a thaifeadadh i gcóras bainistíocht airgeadais an EPA.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar íocaíochtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta) ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na mbuiséad.

- Disciplíní bainistíocht tionscadail maidir le cláir thógála agus mórthionscadail chomhairleachta.
- Córas rialaithe maidir le faomhadh iomlán conarthaí caipitil agus conarthaí comhairleachta.

iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas measúnaithe rioscaí gnó agus trí Phleananna Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA a ullmhú. Déanfar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnitheach phlean iniúchóireachta inmheánaí an EPA. Eisíodh nósanna imeachta chun tréithe airgeadais suntasacha ghnó an EPA a rialú, agus tá uasteorainneacha údaraithe leagtha síos ag an mBord maidir le ceannachán.

v) Is é atá ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA ná Cathaoirleach seachtrach mar aon le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaithe sinsearacha ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA 2009 – 2010 a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus cuireadh dhá thionscadal forbartha i gcrích i rith 2009 mar aon le dhá iniúchadh inmheánacha. Rinneadh an dá tionscadal forbartha sna réimsí a bhaineann le modheolaíocht a fhorbairt le haghaidh athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Athbhreithniú a dhéanamh ar Iniúchóireacht Inmheánach san EPA. Rinneadh na hiniúchtaí inmheánacha sna réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht Imeachtaí, Fáilteachas, Urraíocht agus Taisteal & Liúntas Cothaithe; agus
- Úsáid Comhairleoirí, Conraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha san EPA.

Níor aithníodh aon chinntí criticiúla sna hiniúchtaí seo. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA pleananna feidhmiúcháin chun díriú ar mholtaí a tháinig ón iniúchadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na bPleananna Feidhmiúcháin agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus don Bhord ina leith.

Forbraíodh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2010 – 2011 in 2009 agus, i measc nithe eile, léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Rioscaí an EPA, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Cistí agus athruithe agus ceisteanna maidir leis an Rialachas Corparáideach a tháinig chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

vi) Sa bhreis ar na príomhrialuithe ar a dtugtar breac-chuntas thuas, cuireadh na rialuithe nua a leanas i bhfeidhm in 2009:

- Cuireadh Beartas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le comhlíonadh na reachtaíochta corparáidí i bhfeidhm go hiomlán san EPA;
- Méadaíodh ról Oifigeach Soláthair an EPA a thuilleadh le treoir chuimsitheach agus le doiciméadúchán a forbraíodh do shealbhóirí buiséad;
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar chúrsaí Airgeadais atá le críochnú in 2010;
- Rinneadh athbhreithniú ar chórais atá in úsáid ag an Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha, lena n-áirítear Airgeadas agus Acmhainní Daonna. Breathnóidh an Bord ar thorthaí an athbhreithnithe sin go luath in 2010.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Dearbhaím go ndearna Bord an EPA athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha san EPA in 2009.

Arna shíniú thar ceann an Bhoird.

Mary Kelly

Ard-Stiúrthóir

23 Samhain 2010

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LENA CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992.

Cuimsítear na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na notaí gaolmhara leis na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí na Gníomhaireachta leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta.

Is é mo fhreagracht féin iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cé acu an dtugtar nó nach dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn. Tuairiscím mo thuairim fosta maidir le cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh leabhair chuntas chearta a choinneáil. Sa bhreis air sin, dearbhaím cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntas.

Tuairiscím aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach bhfuil na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena ndéantar iad a rialú.

Tuairiscím fosta mura bhfuil an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir faighte agam atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Déanaim athbhreithniú ar cé acu an leirítear nó nach léirítear gur chomhlíon an Ghníomhaireacht an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit leis an Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach agus tuairiscím ar aon teagmhas ábharach nuair nach ndéantar é seo, nó más ráiteas míthreorach atá ann nó má tá sé ar neamhréir le haon fhaisnéis eile is eol dom ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní gá dom a bhreathnú cibé an gclúdaítear na rioscaí agus rialuithe airgeadais uile leis an Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach, nó tuairim a fhoirmiú maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léim faisnéis eile a bhíonn sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breathnaím an bhfuil sé i gcomhréir leis na ráitis airgeadais arna n-iniúchadh. Breathnaím na himpleachtaí i leith mo thuarascála dá gcuirfí ar an eolas mé maidir le haon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha i leith na ráiteas airgeadais.

AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR AN INIÚCHADH

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Áirítear le hiniúchadh, ar bhonn trialach, scrúdú ar fhianiase atá ábhartha do mhéideanna agus do nochtadh faisnéise agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá cuimsithe

sna ráitis airgeadais. Áirítear measúnú leis fosta ar na meastacháin agus breithiúnais shuntasacha a dhéantar chun na ráitis airgeadais a ullmhú, agus ar cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, arna gcur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus arna nochtadh go himleor nó nach bhfuil.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú ionas go bhfaighinn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheas mé a bheith riachtanach d'fhonn fianaise imleor a sholáthar dom dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis saor ó mhífhaisnéis ábhartha, bíodh mar gheall ar chalaois nó ar mhírialtacht nó ar earráid. Agus mo thuairim á foirmiú agam rinne mé measúnú fosta ar leorgacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

TUAIRIM

I mo thuairim féin tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn, ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta ar 31 Nollaig 2009 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

I mo thuairim féin, rinne an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil leabhair chuntas chearta a choinneáil. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntas.

John Buckley, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
29 Samhain 2010

NA BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 BONN NA CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme iad.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse cuntasaíochta na figiúirí a thaispeántar.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Éilítear ar iarratasóirí ceadúnais táille iomlán an iarratais cheadúnais a íoc ag an tráth ina ndéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

CEADÚNAIS UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ AGUS CEADÚNAIS BAINISTITHE DRAMHAÍOLA:

- Iarratas 30%
- Cinneadh Beartaithe 50%
- Eisiúint Ceadúnais 20%

CEADÚNAIS UM SCAOILEADH FUÍOLLUISCE:

- Iarratas 10%
- Admháil an iarratais iomláin 40%
- Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas 50%

4 MAOINIÚ AN AONAID TRÁDÁLA IN ASTÚCHÁIN

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astúcháin laistigh den Ghníomhaireacht in 2003. Tá foráil sa treoir a thug an Rialtais don Ghníomhaireacht, maidir le scéim an AE um thrádáil astuithe, ceantáil / díolachán a dhéanamh ar chuid de na liúntais iomlána (ach gan 1% díobh a shárú). Baintear úsáid as fáltais na ceantála / an díolacháin chun costais riaracháin na scéime um thrádail astuithe a chlúdach agus íoctar an t-iarmhéid leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ní chaitear leis mar ioncam na Gníomhaireachta. Rinneadh costais an ATA a aisghabháil in 2009 ó fháltais an díolacháin a bhí ar siúl in 2009. Rinneadh costais an ATA a aisghabháil in 2008 ó fháltais a fuair an Ghníomhaireacht de thoradh cheantáil liúntas a bhí ar siúl in 2006. Tugadh iarmhéid chostas na bliana 2008 ar aghaidh go 2009 agus rinneadh iad a aisghabháil ó dhíolachán liúntas a bhí ar siúl in 2009. Áirítear fáltais na ceantála / an díolacháin a choinníonn an Ghníomhaireacht chun an ATA a mhaoiniú mar ioncam na gníomhaireachta ar aon dul leis na costais bhainteacha.

5 ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAS TAIGHDE

Glacann an EPA gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a dhámhachtain. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an EPA i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

6 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Sonraítear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas faoin modh dronlíneach ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saoil oibre:

- Foirgnimh 2%
- Troscán agus Feistis 10%
- Trealamh Saotharlainne agus Trealamh Allamuigh 15%
- Trealamh TF agus Ríomhaireachta 25%
- Mótarfheithiclí 20%

7 MAOINIÚ CAIPITIL

Comhlíontar sócmhainní seasta na Gníomhaireachta agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dhímheas na sócmhainní gaolmhara.

8 STOIC

Díscríobhtar an stoc uile, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

9 FÉICHIÚNAITHE

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, i gcoinne na forála sin.

10 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochtaí pinsin arna mbaint ó thuarastail fhoirne.

Déantar fiachais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Braitheann costais phinsean ar na sochair phinsin tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an Ghníomhaireacht. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go bhfuil sé clúdaithe ag deontais a fuarthas sa bhliain faoi chomhair na n-íocaíochtaí pinsean.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Luach reatha íocaíochtaí pinsean sa todhchaí atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo is ea fiachais phinsean. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

		2009	2008
IONCAM	**Nóta**	€	€
Deontais Oireachtais	**1**	51,531,573	51,142,902
Costais an Aonaid Trádála in Astúcháin arna nAisghabháil	**2**	1,302,400	1,121,758
Seirbhísí Eile		28,379	29,377
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,720,107	1,869,631
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin	**3**	2,327,815	1,669,716
Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin	**4**	7,307,941	7,418,901
Fáltais Ilghnéitheacha	**5**	260,980	237,510
Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair pinsean	**22(c)**	5,626,597	7,250,099
		70,105,792	**70,739,894**
CAITEACHAS			
Tuarastail agus ÁSPC	**6**	21,857,958	19,740,526
Costais Phinsean	**22(a)**	7,709,748	8,259,847
Speansais Taistil	**7**	1,456,445	1,918,964
Costais Saotharlainne agus Costais Allamuigh	**8**	1,256,973	1,304,297
Costais Chóiríochta	**9**	1,367,431	1,293,342
Costais Riaracháin Eile	**10**	6,576,764	6,175,456
Costais Chomhairleachta	**11**	1,367,196	462,630
Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	**12**	8,866,226	9,927,558
Taighde Comhshaoil	**13**	14,813,233	11,670,939
Dímheas	**18**	2,295,345	1,998,748
		67,567,319	**62,752,307**
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	**14**	2,068,827	7,513,365
		69,636,146	**70,265,672**
Barrachas Oibriúcháin		**469,646**	**474,222**
Barrachas/ (Easnamh) ar Dhiúscairt Sócmhainní		20,823	(208,287)
Barrachas roimh Ús		**490,469**	**265,935**
Ús Faighte	**15**	4,694	19,329
Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	**16**	(136,671)	(138,622)
Barrachas don Bhliain		**358,492**	**146,642**
Barrachas amhail 1 Eanáir		180,916	34,274
Barrachas amhail 31 Nollaig		**539,408**	**180,916**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Mary Kelly

Ard-Stiúrthóir

Maith Cosc

Stiúrthóir

23 Samhain 2010

RÁITEAS FAOI GHNÓTHACHAIN AGUS CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

	Nóta	2009 €	2008 €
BARRACHAS DON BHLIAIN		**358,492**	**146,642**
Gnóthachan / (caillteanas) ó thaithí ar fhiachais na scéime pinsean		6,267,000	(5,002,000)
Athruithe ar thoimhdí lena dtugtar bunús le luach reatha fhiachais na scéime pinsean		3,673,000	15,280,000
Gnóthachan Achtúireach ar Fhiachais Phinsean	**22(b)**	**9,940,000**	**10,278,000**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		**(9,940,000)**	**(10,278,000)**
Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain		**358,492**	**146,642**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.
Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Mary Kelly

Ard-Stiúrthóir

23 Samhain 2010

Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL 31 NOLLAIG 2009

	Nóta	2009 €	2008 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA	**18**	**37,409,152**	**25,624,668**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**19**	2,819,207	13,913,523
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	**20**	12,770,211	6,232,610
		15,589,418	**20,146,133**
LÚIDE FIACHAIS REATHA			
Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	**21(a)**	**(15,134,949)**	**(10,129,660)**
Glan-Sócmhainní Reatha		**454,469**	**10,016,473**
Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	**21(b)**	**(2,055,353)**	**(2,260,192)**
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha roimh Phinsin		**35,808,268**	**33,380,949**
Fiachais Phinsean	**22(b)**	**90,987,560**	**95,300,963**
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	**22(c)**	**(90,987,560)**	**(95,300,963)**
		0	**0**
Glan-Sócmhainní Iomlána		**35,808,268**	**33,380,949**
ARNA N-IONADÚ AG:			
Cuntas Caipitil	**14**	**35,268,860**	**33,200,033**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**539,408**	**180,916**
		35,808,268	**33,380,949**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Mary Kelly

Ard-Stiúrthóir

23 Samhain 2010

Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

	Nóta	2009 €	2008 €
BARRACHAIS A RÉITEACH LE GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN			
Barrachas don Bhliain		358,492	146,642
Ús Faighte	**15**	(4,694)	(19,329)
(Barrachas) / Easnamh ar Dhiúscairt Sócmhainní		(20,823)	208,287
Aistriú chuig Cuntas Caipitil	**14**	2,068,827	7,513,365
Muirear dímheasa don bhliain	**18**	2,295,345	1,998,748
Laghdú / (Méadú) i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		1,042,316	(7,996,986)
Méadú i gCreidiúnaithe (ach amháin Creidiúnaithe Iasachta)		5,036,793	680,306
Glan-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**10,776,256**	**2,531,033**
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID			
Glan-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**10,776,256**	**2,531,033**
TORTHAÍ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS			
Ús Bainc		4,694	19,329
GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA			
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		44,776	33,280
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a shealbhú		(4,051,782)	(2,165,501)
Glan-insreabhadh Airgid Roimh Mhaoiniú		**6,773,944**	**418,141**
AIRGEADÚ			
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta		(236,343)	(229,609)
Méadú ar Airgead Tirim		**6,537,601**	**188,532**
GLAN-SREABHADH AIRGID A RÉITEACH LE GLUAISEACHT IN IARMHÉIDEANNA AIRGID			
Méadú ar airgead sa bhliain		6,537,601	188,532
Cistí amhail 1 Eanáir		6,232,610	6,044,078
Cistí amhail 31 Nollaig		**12,770,211**	**6,232,610**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 25.

Mary Kelly

Ard-Stiúrthóir

Matth Crowe

Stiúrthóir

23 Samhain 2010

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

		2009	2008
1 DEONTAIS OIREACHTAIS		€	€
Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:			
Deontais ón Vóta:	Reatha	27,908,528	26,476,902
	Caipiteal	3,900,000	7,466,000
	Cistiú Taighde	13,640,000	11,500,000
	Cláir Eile	6,083,045	5,700,000
		51,531,573	**51,142,902**

Is leithroinnt shonrach é an Cistiú Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil. Caitheadh €14,813,233 ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2009 (2008 €11,670,939).

2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONAID TRÁDÁLA IN ASTÚCHÁIN (ATA)	€	€
(a) Costais an Aonaid Trádála in Astúcháin	**1,302,400**	**1,121,758**
Táillí Cláraithe Oibreoirí Trádála in Astúcháin, srl	38,191	8,649
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceant, srl	1,264,209	1,113,109
Maoiniú Iomlán Chostais an ATA	**1,302,400**	**1,121,758**
(b) Achoimre ar Chistí an Aonaid Trádála in Astúcháin:	€	€
Cistí Tugtha ar Aghaidh	0	517,149
Cistí Iomlána arna nGiniúint	2,877,271	35,338
Costais na bliana roimhe le haisghabháil ó chostais na bliana reatha	(569,271)	0
Costais iomlána ATA na Bliana Reatha	(1,302,400)	(1,121,758)
Costais le haisghabháil ó fháltais dhíolachán liúntas amach anseo (féach Nóta 19)	0	569,271
Cistí ar fáil chun costais ATA amach anseo a mhaoiniú	**1,005,600**	**0**
Íoctha leis an RCO&RÁ	0	0
Iarmhéid na bhFáltas ATA tugtha ar aghaidh go 2010 (féach Nóta 21 (a))	**1,005,600**	**0**

3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEADÚNÚCHÁIN - CRCT, DRAMHAÍL AGUS SCAOILEADH FUÍOLLUISCE	€	€
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir	5,081,017	2,311,183
Táillí Faighte	5,178,963	4,483,383
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	(29,489)	(43,833)
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 31 Nollaig (féach Nóta 21 (a))	(7,902,676)	(5,081,017)
Méid curtha chun sochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**2,327,815**	**1,669,716**

CEADÚNÚ: RIALÚ TRUAILLITHE COMHTHÁITE (CRCT) AGUS DRAMHAÍL

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as ceadúnú maidir le próisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 tá an EPA freagrach as gach gníomhaíocht thábhachtach diúscartha agus aisghabhála dramhaíola arna n-oibriú ag údaráis áitiúla agus fiontair phríobháideacha a cheadúnú.

CEADÚNÚ: SCAOILEADH FUÍOLLUISCE

Tá foráil sna Rialacháin um Scaoileadh Fuíolluisce (Údarú) 2007 go ndéanfaí ceadúnú ar scaoileadh fuíolluisce na n-údarás áitiúil. Ní mór ceadúnas a fháil ón EPA chun uisce a scaoileadh ó limistéir ina bhfuil breis agus 500 duine. Ní mór teastas a fháil ón EPA i leith limistéar ina bhfuil níos lú ná 500 duine. Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratais ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an EPA a cuid ioncaim ceadúnúcháin.

	2009	2008
4 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMIÚCHÁIN - CRCT AGUS DRAMHAÍL	€	€
Muirir Forfheidhmithe ar Gearradh Sonraisc ina Leith agus Táillí Faighte	**7,307,941**	**7,418,901**

Faoi Alt 96 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an Ghníomhaireacht freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á feidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha a rialú. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta seo a fhaigheann an EPA a cuid ioncaim fhorfheidhmiúcháin.

5 FÁLTAIS ILGHNÉITHEACHA	€	€
Éilimh Árachais	145,198	3,558
Díolacháin d'fhoilseacháin	9,871	9,034
Ilghnéitheach	105,911	224,918
	260,980	**237,510**

6 TUARASTAIL AGUS ÁSPC		€	€
Tuarastail		20,288,335	18,298,657
ÁSPC Fostóirí		1,569,623	1,441,869
Costais Tuarastail Iomlána		**21,857,958**	**19,740,526**
Seo a leanas líon na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig:			
Ceanncheathrú		149	160
Cigireachtaí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	28	29
	Corcaigh	41	41
	Baile Átha Cliath	82	84
	Cill Chainnigh	22	20
	Muineachán	14	17
	Oifigí Réigiúnacha	8	8
		344	**359**

Pacáiste Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra agus Táillí an Stiúrthóra

Fuair an tArd-Stiúrthóir tuarastal comhionann le €215,043 in 2009 (2008 €215,739) agus tá sé i dteideal pinsean a fháil freisin ag teacht le gnáth-theidlíochtaí Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir) 1996. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal uilechuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí leo. Níl aon scéim íocaíochta bunaithe ar fheidhmíocht do phoist Ard-Stiúrthóir nó Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht.

Tobhach Pinsin

In 2009, aisbhaineadh €1,083,386 de thobhach pinsin agus íocadh é leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

7 COSTAIS TAISTIL	€	€
Taisteal agus Cothabháil	1,343,083	1,791,544
Costais Mótarfheithiclí	131,260	148,171
Aisíocaíochtaí Taistil	(17,898)	(20,751)
	1,456,445	**1,918,964**

7 COSTAIS TAISTIL (AR LEAN)

Costais Chomhaltaí an Bhoird

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá siad lonnaithe ag an gCeanncheathrú i Loch Garman. Bíonn formhór de chruinnithe an Bhoird i Loch Garman agus ní bhíonn aon chostais i gceist leis sin. I gcás ina mbíonn cruinnithe an Bhoird ar siúl in áit éigin eile, ar chúiseanna gnó, aisíoctar costais Taistil agus Cothabhála ag na rátaí is infheidhme don Státseirbhís. Ba ionann na costais a íocadh le Stiúrthóirí as a bheith i láthair ag cruinnithe den Bhord in 2009 agus €2,650 miondealaithe mar €1,753 míleáiste, €813 cothabháil agus €84 costais eile. Ba é an t-iomlán in 2008 ná €3,820 (€1,795 míleáiste, €1,899 cothabháil agus €126 costais eile).

Áirítear leis suim de €181,729 (2008 €233,676) i dtaca le costais taistil agus cuirtear isteach í faoi fhorbairt foirne agus costais oiliúna ag Nóta 10.

	2009	2008
8 COSTAIS SAOTHARLAINNE AGUS COSTAIS ALLAMUIGH	€	€
Costais Saotharlainne agus Costais Allamuigh	931,551	963,178
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	305,477	323,704
Éadaí Cosanta	19,945	17,415
	1,256,973	**1,304,297**

9 COSTAIS CHÓIRÍOCHTA	€	€
Cíos agus Rátaí	416,676	405,324
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	644,265	546,884
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	306,490	341,134
	1,367,431	**1,293,342**

10 COSTAIS RIARACHÁIN EILE	€	€
Teileafón agus Postas	342,050	281,860
Priontáil Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	563,771	633,080
Árachas	120,437	100,756
Costais Ríomhairí agus Próiseáil Sonraí	3,103,882	2,556,632
Táillí Iniúchta	16,500	14,400
Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí	68,858	118,913
Táillí Dlí	494,407	395,161
Costais Ceapachán Foirne	42,903	290,081
Ús agus Muirir Bhainc	4,930	3,513
Leabhair, Tréimhseacháin agus Leabharlann	52,129	49,863
Costais Forbairt agus Oiliúint Foirne	726,823	707,741
Fógraíocht	421,077	319,909
Cumarsáid	510,623	509,403
Ilearraí	108,374	194,144
	6,576,764	**6,175,456**

	2009	2008
11 COSTAIS CHOMHAIRLEACHTA	€	€
Sainchomhairleoirí	**1,367,196**	**462,630**
Seo a leanas gníomhaíochtaí an chláir oibre inar baineadh úsáid as na seirbhísí comhairleachta seo:	€	€
An Clár um an gCreat-Treoir Uisce	678,782	421,579
Measúnú Comhshaoil	4,902	41,051
Forfheidhmiú Comhshaoil	213,562	0
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	469,950	0
	1,367,196	**462,630**
12 CONRAITHEOIRÍ, DEONTAIS AGUS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE SEACHTRACHA	€	€
Conraitheoirí	482,271	2,785,705
Deontais	1,280,880	638,536
Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	7,103,075	6,503,317
	8,866,226	**9,927,558**
Seo a leanas na príomhréimsí oibre inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo:	€	€
Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáideacha	420,453	185,748
An Clár um an gCreat-Treoir Uisce	3,405,215	3,835,658
Forfheidhmiú Comhshaoil	1,496,198	2,401,299
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	3,193,080	3,198,124
Measúnú Comhshaoil	305,026	298,692
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	46,254	8,037
	8,866,226	**9,927,558**
13 TAIGHDE COMHSHAOIL	€	€
Clár Taighde STRIVE	9,936,409	10,217,155
An Clár Taighde um Athrú Aeráide	**5,073,774**	**1,635,495**
Íocaíochtaí um an gClár Taighde	15,010,183	11,852,650
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(196,950)	(181,711)
	14,813,233	**11,670,939**

Seoladh an clár taighde comhshaoil reatha ar a dtugtar STRIVE (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Taighde agus Nuálaíocht don Chomhshaol) in 2007. Tá sé á mhaoiniú tríd an gClár Forbartha Náisiúnta 2007 - 2013. Tá sé d'aidhm ag an gclár STRIVE taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha faoi dheoidh. I rith 2007, cuireadh tús le Clár Taighde um Athrú Aeráide agus fuarthas maoiniú faoin Straitéis Rialtais um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.

Ar an 31 Nollaig 2009 ba ionann gealltanais a rinneadh ach nár cuireadh do mhuirear ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus **€41.087M** (2008 €44.278M) leis an miondealú seo a leanas:

	€ '000	€ '000
Gealltanais Deontais le hÍoc amhail an 1 Eanáir	**44,278**	**27,582**
Deontais a Faomhadh le linn na bliana	9,242	30,903
Deontais Dídhílsithe le linn na bliana	0	(4,011)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain	(12,433)	(10,196)
Gealltanais le hÍoc amhail an 31 Nollaig	**41,087**	**44,278**

Níl costais feidhmiúcháin an EPA maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

14 CUNTAS CAIPITIL

		€	€
Amhail an 1 Eanáir 2009			**33,200,033**
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:			
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil	- Breiseanna Sócmhainní Seasta	4,051,782	
	- Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú	100,000	
	- Aisíocaíocht ar Iasachtaí	236,343	
		4,388,125	
Lúide			
Diúscairtí		417,595	
Lúide dímheas roimhe seo ar dhiúscairtí		(393,642)	
		23,953	
Muirear dímheasa don bhliain		**2,295,345**	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais			2,068,827
Amhail an 31 Nollaig 2009			**35,268,860**

Amhail an 31 Nollaig 2009, áirítear leis an gCuntas Caipitil €256,570 (2008 €10,208,570) i ndáil le réamhíocaíochtaí do shócmhainní seasta (féach Nóta 19 - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

	2009	2008
15 ÚS FAIGHTE	€	€
Ús ar thaisce bainc	**4,694**	**19,329**

	€	€
16 ÚS INÍOCTHA AGUS MUIRIR CHOMHCHOSÚLA		
Iasachtaí Bainc iníoctha i dTráthchodanna - Morgáiste ar fhoirgneamh na Ceanncheathrún	**136,671**	**138,622**

17 CÁNACHAS

Tá an EPA díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

18 SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Foirgnimh	Troscán & Feistis	Trealamh TF & IS	Trealamh Saoth. & Allam	Mótar-Fheithiclí
Costas	€	€	€	€	€	€
Amhail an 1 Eanáir 2009	39,144,564	25,114,204	2,314,741	2,987,177	7,668,757	1,059,685
Aistrithe	10,052,000	10,052,000	0	0	0	0
Ceannacháin	4,051,782	2,243,814	358,529	380,938	872,280	196,221
Diúscairtí	(417,595)	0	(2,390)	(22,261)	(188,696)	(204,248)
Amhail an 31 Nollaig 2009	52,830,751	37,410,018	2,670,880	3,345,854	8,352,341	1,051,658
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2009	13,519,896	3,831,908	1,565,987	2,241,589	5,167,817	712,595
Muirear don Bhliain	2,295,345	750,237	208,602	427,647	756,336	152,523
Ar Dhiúscairtí	(393,642)	0	(2,390)	(21,570)	(188,139)	(181,543)
Amhail an 31 Nollaig 2009	15,421,599	4,582,145	1,772,199	2,647,666	5,736,014	683,575
Glan-Luach de réir na Leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2009	**37,409,152**	32,827,873	898,681	698,188	2,616,327	368,083
Amhail an 31 Nollaig 2008	**25,624,668**	21,282,296	748,754	745,588	2,500,940	347,090

18 SÓCMHAINNÍ SEASTA (AR LEAN)

Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar thailte Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. Tá an Ghníomhaireacht ar tí bailchríoch a chur faoi láthair ar léas fadtéarmach a fháil don suíomh seo ó Theagasc. Is í Oifig an nOibreacha Poiblí a mhaoinigh an obair thógála ar fhoirgneamh na ceanncheathrún trí iasacht thráchtála. Maoiníonn an Ghníomhaireacht na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann an OOP. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an EPA san áireamh don bhliain ina dtagann siad chun cinn. Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe bainteacha taifeadta i leabhair an EPA le substaint na n-idirbhearta bunúsacha a léiriú.

Roinn an EPA foirgneamh le Comhairle Contae Chorcaí in Inis Cara, Co. Chorcaí ar feadh roinnt blianta. De bhíthin chomhaontú a rinneadh, ghlac an Ghníomhaireacht seilbh ar an bhfoirgneamh go léir i Márta 2008. Tá aistriú dlíthiúil an áitribh á láimhseáil ag na comhairleoirí dlí faoi seach. Is iad Oifig na nOibreacha Poiblí a thóg foirgneamh cigireachta réigiúnaí an EPA ag Lóiste Sevilla, Cill Chainnigh. Tógadh é ar shuíomh a fuarthas don EPA. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag próiseáil aistriú dlíthiúil an tsuímh chuig an EPA agus táthar á dhéanamh seo trí Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

19 FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

	2009	2008
	€	€
Féichiúnaithe	2,562,637	3,135,682
Ioncam ATA - costais le díolachán na liúntas amach anseo a aisghabháil (féach Nóta 2 (b))	0	569,271
Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta	256,570	10,208,570
	2,819,207	**13,913,523**

Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta:

Ar 31 Nollaig 2009 bhí réamhíocaíochtaí dar luach €256,570 (2008 €10,208,570) ar an iomlán déanta mar atá leagtha amach anseo thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí:

Amhail an 31 Nollaig 2008 bhí réamhíocaíochtaí dar fiú€10,052,000 déanta le hOifig na nOibreacha Poiblí. Astu sin, bhain €9,967,000 le hathchóiriú agus síneadh a chur le foirgneamh cheanncheathrú na Gníomhaireachta ag Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Loch Garman agus bhain €85,000 le hoibreacha athchóirithe a rinneadh ar na Cigireachtaí Réigiúnacha i Muineachán agus i gCill Chainnigh. Cuireadh obair i gcrích ar na tionscadail sin in 2009 agus tá na híocaíochtaí sin aistrithe chuig Sócmhainní Seasta.Íocadh€100,000 eile leis an OOP in 2009 maidir le mion-oibreacha caipitil sna Cigireachtaí Réigiúnacha.

Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta eile:

Íocadh €143,000 le Comhairle Contae Mhaigh Eo in 2008 chun cóiríocht oifige a dhéanamh de spás áiléir agus chun obair athchóirithe a dhéanamh ag an gCigireacht Réigiúnach i gCaisleán an Bharraigh.

Íocadh €13,570 in 2008 ar staidéar féidearthachta innealtóireachta agus chun dearadh imlíneach a ullmhú le haghaidh síneadh atá beartaithe a chur le Cigireacht Réigiúnach Richview.

Tá airgead ó fhéichiúnaithe dlite laistigh de bhliain amháin.

20 AIRGEAD AR LÁIMH AGUS SA BHANC.

	2009	2008
	€	€
Iarmhéideanna Airgead Tirim agus sa Bhanc	**12,770,211**	**6,232,610**

Is ionann an t-ioncam do Cheadúnú réamhíoctha (féach Nóta 3) agus €7,902,676 de na hiarmhéideanna sa Bhanc ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

	2009	2008
21 CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE	€	€
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 3)	7,902,676	5,081,017
Fáltais ó dhíol na gCeadúnas ATA chun costais amach anseo a mhaoiniú (féach Nóta 2 (b))	1,005,600	0
Costais Trádála agus Eile	5,885,164	4,675,630
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	341,509	373,013
	15,134,949	**10,129,660**
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	**2,055,353**	**2,260,192**

22 COSTAIS PHINSEAN

(a) Anailís ar na costais phinsean iomlána gearrtha ar Chaiteachas	€	€
Costas Seirbhíse Reatha	3,018,000	3,527,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	5,600,000	5,552,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte	(908,252)	(819,153)
	7,709,748	**8,259,847**

(b) Gluaiseacht i nDliteanas Pinsean Glan sa bhliain airgeadais	€	€
Dliteanas Pinsean Glan amhail an 1 Eanáir	95,300,963	98,328,864
Costas Seirbhíse Reatha	3,018,000	3,527,000
Costais Úis	5,600,000	5,552,000
(Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach	(9,940,000)	(10,278,000)
Pinsin íoctha i rith na bliana	(2,991,403)	(1,828,901)
Dliteanas Pinsean Glan amhail an 31 Nollaig	**90,987,560**	**95,300,963**

(c) Maoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean

Aithníonn an EPA gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin atá sna suimeanna sin ar bhunús na dtuairimí a dhéantar cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá caite. I measc na n-imeachtaí sin tá an bunús reachtúil i gcomhair bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i leith maoiniú phinsin seirbhíse poiblí, ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an EPA nach leanfaidh an beartas maoinithe sin faoi chomhair suimeanna den chineál sin de réir an chleachtais reatha.
Ba é seo a leanas an Maoiniú Iarchurtha Glan do Phinsin a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:

	€	€
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsean na bliana reatha	8,618,000	9,079,000
Deontais Stáit chun pinsinéirí a íoc	(2,991,403)	(1,828,901)
	5,626,597	**7,250,099**

Ba í an tsócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2009 ná €90.988 milliún (2008 €95.301 milliún).

22 COSTAIS PHINSEAN (AR LEAN)

(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2009	2008	2007	2006	2005
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Oibleagáidí sochair shainithe	90,988	95,301	98,329	98,980	80,800
Gnóthachain/(Caillteanais) Taithí ar Dhliteanais Scéime:					
Méid (€ '000)	6,267	(5,002)	(583)	(9,891)	(4,076)
Céatadán de Dhliteanais na Scéime	6.9%	5.2%	0.6%	10.0%	5.0%

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach aitheanta sa Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána agus €4,741,000.

(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochar sainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "shamhail" rialacháin scéime na hearnála poiblí i láthair na huaire. Tugann an scéim pinsean (1/80 in aghaidh gach bliana seirbhíse) do chomhaltaí foirne, aisce cnapshuime (3/80 in aghaidh gach bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Téann duine ar scor de ghnáth nuair a shroicheann sé/sí trí scór is cúig bliana, agus tá comhaltaí a tháinig isteach roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach a bheith acu sula sroicheann siad 60 bliain d'aois. Tugann an scéim pinsean (1/48 in aghaidh gach bliain seirbhíse) do chomhaltaí foirne, aisce cnapshuime (1/32 in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Tá comhaltaí an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. Glactar leis go dtiocfaidh méadú ar phinsin á n-íoc (agus iarchurtha) ag teacht le boilsciú tuarastail tríd is tríd.

Tá an luacháil a úsáidtear do FRS 17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 19 Márta 2010 ag glacadh ceanglas an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2009.

Seo a leanas na príomhbhoinn achtúireacha:	2009	2008
Ráta méadaithe tuarastal	3.50%	3.50%
Ráta méadaithe maidir le pinsin á n-íoc	3.25%	3.50%
Ráta lascaine	5.75%	5.75%
Ráta boilscithe	2.00%	2.00%

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh in ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina mbaineann an comhalta aois scoir amach (aois 65). Taispeánann an tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag comhaltaí a bhainfidh 65 bliain amach in 2008, 2028 agus 2048.

An bhliain a shroich duine aois 65	2008	2028	2048
Ionchas saoil - fir	86.5	89.4	91.4
Ionchas saoil - mná	88.2	90.5	92.3

23 FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Tá roinnt athruithe déanta ar an gcaoi a gcuirtear rudaí i láthair sna ráitis airgeadais agus rinneadh na figiúirí comparáideacha a athlua nuair ba ghá sin ar bhealach atá comhsheasmhach le cur i láthair na bliana reatha. Go háirithe, athluaitear ceangaltais an deontais Taighde Comhshaoil atá le híoc i bhfigiúirí comparáideacha 2008 i Nóta 13, i ndiaidh anailís chuimsitheach a rinneadh agus chun dídílsiú an mhaoinithe taighde ó thionscadail a chur san áireamh.

24 LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinnidh glactha ag an nGníomhaireacht de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialúcháin a ritheadh faoi. Lean an EPA na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

25 FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an 23 Samhain 2010.

Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Ceanncheathrú

Bosca Poist 3000
Eastát Chaisléan
Bhaile Sheonach
Contae Loch Garman, Éire

T +353 53 916 0600
F +353 53 916 0699
E info@epa.ie
LoCall 1890 33 55 99

www.epa.ie

Cigireacht Réigiúnach
Teach Mhic Chumascaigh
Dea-Radharc, Bóthar Cluain Sceach
Baile Átha Cliath 14, Éire

T +353 1 268 0100
F +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí, Éire

T +353 21 487 5540
F +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla,
Bóthar Challainn,
Cill Chainnigh, Éire

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Shéan de Mórdha,
Caisléan an Bharraigh,
Contae Mhaigh Eo, Éire

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T +353 47 77600
F +353 47 84987

Oifigí Réigiúnacha

Annabella, Mala
Co. Chorcaí, Éire
Teil: +353 22 43865

An Lárionad Cathrach
Sráid na hEaglaise, Áth Luan
Co. na hIarmhí, Éire
Teil: +353 906 475722

Coláiste Mhungairit
Muangairit, Co. Luimnigh
Éire
Teil: +353 61 227900

11 Lána Rosemount
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall, Éire
Teil: +353 74 22274

ISBN 978-1-84095-304-6

Clóbhuailte ar Fedrigoni Symbol Satin, páipéar cúntach don chomhshaol.